

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2005



Irish Blood Transfusion Service

Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann


Fergus Keane
Helen Montgomery
Cynthia Osborne
Orla Gower
Peter Beckett
Leonard Tierney
Frank Carey
Christopher Donovan
Dan Greene
Tim McAndrew
Sonya Milne
Nora Scott
Jack Ashford
Rosemary McNamara
Leslie Jacobs
Chris Adams
CHRIS COFFEY
Emma Fielding
Ian McQuillan
John Morrissey
Eithne Breen
Maggie Kiely
Ciaran O'Brien
Ciara Walshe
Sarah Molloy
Alex Hynes
Una Hayes
Dennis Graham
Damien Goodwin
Steve Hobson

# CLÁR


| | | |
|---|---|---|
| | Próifílí Deontóra | **02** |
| | Ráiteas Bunchuspóra | **12** |
| 1 | Teachtaireacht ón gCathaoirleach | **13** |
| 2 | Tuairisc an Phríomhfheidhmeannaigh | **15** |
| 3 | Tuairisc an Stiúrthóra Náisiúnta Míochaine | **18** |
| | **CUID 01** | |
| | **GNÍOMHAÍOCHT NA SEIRBHÍSÍ DEONTÓRA** | |
| 4 | Gníomhaíocht Náisiúnta na Seirbhísí Deontóra | **22** |
| 5 | Staitisticí Deontóra | **24** |
| | **CUID 02** | |
| | **TUAIRISCÍ EARNÁLA** | |
| 6 | Próiseáil agus Tástáil | **34** |
| 7 | Seirbhísí Ospidéil | **39** |
| 8 | Rathú Caighdeán | **41** |
| 9 | Ionad Aistriúcháin Réigiún na Mumhan | **42** |
| 10 | An Oifig Náisiúnta Haemafaireachais | **47** |
| 11 | Clárlann Smior Neamhghaolmhar na hÉireann | **48** |
| 12 | Seirbhís Afairísis Theiripigh | **50** |
| 13 | An tAonad Rianaithe Faighteoirí | **53** |
| 14 | Teicneolaíocht Faisnéise | **54** |
| 15 | Acmhainní Daonna | **57** |
| 16 | Cumarsáid | **60** |
| 17 | Airgeadas | **62** |
| 18 | Rialachas Corparáideach | **64** |
| 19 | Sonraí Teagmhála | **68** |



MELANIE OLIVER




Ina deontóir ó 1987, agus anois ina deontóir nuabhreithe agus ag obair mar eagraí an chláir farrantóireachta. Tá cónaí uirthi i Maigh Nuad agus oibríonn sí i gCeannáras Bhriogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath sa rannóg riaracháin. Ina ball de bhanna Práis is Feaga Nmh. Muire agus seinneann an Corn Francach. Ina ball, freisin, de ghrúpa ceoil tíre an pharóiste áitiúil agus seinneann giotár. Is iad ceol, fótagrafaíocht agus DIY a príomhábhair spéise.

INA DEONTÓIR Ó 1987   CEOL: GRÚPA CEOL TÍRE AN PHARÓISTE ÁITIÚIL
BANNA PRÁIS IS FEAGA NMH. MUIRE   DEONTÓIR NUABHREITHE   FOTAGRAFAÍOCHT   DIY



DECLAN MURRAY



Ina dheontóir ó bhí sé 18. Thug thar 140 deonachán fola agus pláitíní go dtí seo. Is breá leis cúrsaí spóirt, lena n-áirítear cispheil agus galf. As Baile Átha Cliath dó agus é ina sheirbhíseach poiblí.



ALAN MURPHY



Stiúrthóir Cuideachta é, agus triúr páistí aige. 41 deonachán go dtí seo. Is breá leis siúlóid chnoic, snámh agus breathnú a pháistí ag imirt sacair. Ina bhall de CLRI Club Landrover na hÉireann, freastlann ar ócáidí asbhóthair go rialta. Anuraidh chaith sé 3 seachtain ag campáil sa Noruaidh agus sa tSualann, le seachtain amháin sa Chrios Artach san áireamh. I mbliana, ag beartú turas 4 seachtain chuig an Antartach, a chuimseoidh aistear thar oighearshruth tíre.



SARAH MARTIN



Thug Sara fuil den chéaduair i Lúnasa 2001. Tá cónaí uirthi i Ráth Fearnáin, Baile Átha Cliath. Ag tosú ar a bliain deiridh sa Mhíochaine Tréadliachta i Scoil na Míochaine Tréadliachta i COBÁC. Dúil aici sna capaill agus déanann marcaíocht nuair is féidir. Is breá léi, freisin, dul amach le cairde, dul chuig pictiúrlann, giom agus ag siopadóireacht.



EOIN CASSERLY



Thug Eoin fuil den chéaduair in Iúil 2004. As Sligeach dó, é ina mhac léinn Innealtóireachta Struchtúrtha i COBÁC, agus is breá leis dornálaíocht agus ceol.

## *RÁITEAS BUNCHUSPÓRA*

# Tá SFAÉ tiomanta don fheabhas agus í ag freastal ar riachtanais na n-othar, trí ghairmiúlacht ár bhfoirne agus flaithiúlacht ár ndeontóirí.





**Maura J McGrath**
Cathaoirleach

# 1 TEACHTAIREACHT ÓN GCATHAOIRLEACH

**Is é príomhchuspóir SFAÉ go mbeadh go leor comhpháirteanna fola den chaighdeán is airde á soláthar againn dár n-ospidéil. Tosaíocht sháraitheach é seo a bhaineann le iarrachtaí uile fhoireann agus bhainistíocht SFAÉ. Mar sin féin, ba dhúshlán an-deacair dúinn i 2005 na stoic fola a choinneáil slán, go háirithe nuair a bhí dian-scagthástáil deontóirí ar siúl againn. Ba mhór an trua go raibh orainn iarraidh ar ospidéil an mháinliacht roghnach a chur siar ar feadh tréimhse trí lá i mí an Mheithimh, chun go mbeadh na táirgí fola ar fáil d'éigeandálaí. Tá an-fhonn ar Bhord SFAÉ nach mbeidh orainn iarratatais den chineál seo a dhéanamh feasta.**

Táimid ag méadú ár n-iarrachtaí, mar sin, chun deontóirí nua a mhealladh agus líon ár ndeontóirí reatha a choinneáil. Táimid ag cinntiú, freisin, go mbeidh próisis fardail agus bhainistiú stoic i bhfeidhm lena chinntiú go ndéanfar riar cúramach laethúil ar an acmhainn fíorluachmhar seo ar fud na n-ospidéal agus na gclinicí uile.

Ag cur san áireamh gur deontóirí iad 3% den daonra, ach fós go bhfuil thar 3,000 aonad de dhíth gach seachtain, tá dúshlán roimh SFAÉ ár dteachtaireacht a chur in iúl don mhórphobal. Beimid ag tabhairt faoi mhodhanna nua chun faisnéis a sholáthar don mhórphobal agus iad a oiliúint faoin tábhacht a bhaineann le bheith i do dheontóir fola i saol an lae inniu. Is iontach an méid a chuireann deontóirí na hÉireann le sláinte agus folláine daoine eile, agus aithníonn Bord SFAÉ sin. Is rud ar leith í an fhlaithiúlacht seo agus is mian liom mo bhuíochas a chur in iúl dár ndeontóirí uile.

I Márta na bliana seo foilsíodh 'Tuarascáil Kubanek'. Pléann an tuarascáil seo an mhoill a bhí le fógra a thabhairt do dheontoirí idir 1991 agus 1994. Tugann tuarascáil an Ollamh Kubanek soiléire agus deimhniú dúinn faoi imeachtaí an ama sin agus tá an Bord lántiomanta a chinntiú go gcomhlíonfar a cuid moltaí go hiomlán.

Tá dhá mhórthosaíocht fós ag an mBord, Ionad Chorcaí a fhorbairt agus clár taighde agus forbartha a thionscnamh faoi mhíochaine an aistriúcháin.

Tá an maoiniú d'ionad nua i gCorcaigh á phlé faoi láthair leis an Roinn Sláinte agus Leanaí,

agus tá muinín againne mar bhord go mbeidh toradh dearfach air go han-luath. Tá plé ar siúl, freisin, le COC ar chomhchlár taighde agus forbartha maidir le míochaine an aistriúcháin, rud a thionscnóidh mórfhorbairt straitéiseach sa tír seo.

Is mian liom aitheantas a thabhairt do dhiongbháilteacht agus d'iarrachtaí fhoireann agus bhainistíocht SFAÉ i rith na bliana, nuair a bhí an tseirbhís fíorthábhachtach náisiúnta seo á seachadadh acu.

Is mian liom buíochas a ghabháil leis na comhaltaí Boird uile as a gcuid ama agus tacaíochta i rith na bliana. Ba mhaith liom, ach go háirithe, mo bhuíochas a chur in iúl do Valerie Mannix a d'fhág an Bord i mí Mheán Fómhair tar éis di a bheith ina comhalta Boird le dhá bhliain déag anuas.

Cuirim fáilte roimh ár gcomhaltaí nua, Mark Moran agus Melanie Cotter, atá tagtha ar an mBord, agus táim ag tnúth leis an obair a bheidh ar siúl againn le chéile.

Go raibh maith agaibh

**MAURA J McGRATH** | Cathaoirleach



Andrew Kelly
Príomhfheidhmeannach

# 2 TUAIRISC AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

**Tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil 2005 de chuid Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann (SFAÉ) a chur ar fáil. Tharla an-chuid forbairtí nua agus forfheidhmíodh go leor tionscnamh i 2005. Bhí roinnt deacrachtaí againn, áfach, soláthar comhsheasmhach a choinneáil leis na hospidéil i mí an Mheithimh.**

## SOLÁTHAR

I 2005 bhraitheamar an chéad ghéarghanntanas soláthair a bhí againn ó Eanáir 2002. Dá thoradh seo d'iarr SFAÉ ar na hospidéil máinliacht roghnach a chur siar ar feadh tréimhse gearr le linn an Mheithimh. Ar ndóigh, is céim í seo nach mian le SFAÉ a ghlacadh riamh, ach ar an drochuair ba ghá é an t-am seo. Lainseálamar achainí náisiúnta chun stoic a athlíonadh agus a chinntiú nach mbeadh deacrachtaí againn sa chuid eile den bhliain. D'éirigh go breá leis an achainí, agus ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na deontóirí sin uile a thug fuil sa tréimhse sin agus a d'fhill chun deonacháin bhreise a thabhairt le linn 2005. Faoi dheireadh na bliana bhí breis bheag faighte againn ar dheonacháin 2004, agus chríochnaíomar le stoic fola an-sláintiúla faoin Nollaig. Cuireann an teagmhas seo i gcuimhne dúinn gur gá bheith san airdeall i gcónaí chun leorsholáthar seasmhach fola a chinntiú.

## DEA-CHAIGHDEÁN

Bíonn an dea-chaighdeán mar bhonn lenár n-imeachtaí uile, agus i 2005 rinne Bord Chógais na hÉireann (BCÉ) iniúchadh ar áiseanna SFAÉ ar dhá ócáid déag. Mheas BCÉ go raibh ár ngéilleadh do Dhea-Chleachtais Déantúsaíochta sásúil, agus cé gur luaigh siad roinnt easnamh, láimhsigh SFAÉ iadsan sa ghnáthshlí.

Ghlac SFAÉ ról ceannais i bhforfheidhmiú threoir an AE maidir le Fuil, agus tugadh ball foirne sinsearach ar iasacht don Roinn Sláinte & Leanaí chun forfheidhmiú na Treorach a scéimriar thar earnáil na nOspidéal. Faoi dheireadh na bliana bunaíodh coiste stiúrtha chun athbhreithniú a dhéanamh ar fhorfheidhmiú Threoir Fíocháin an AE, a thagann i bhfeidhm faoin dlí ar an 6ú Aibreán 2006 agus a mbeidh impleachtaí móra aici do na hospidéil a sholáthraíonn seirbhísí fíocháin, agus do SFAÉ chomh maith.

## SEIRBHÍS DO DHEONTÓIRÍ

Soláthraíonn ár ndeontóirí an t-amhábhar riachtanach lena gcuireann SFAÉ táirgí teiripeacha

ar fáil d'othair. Le linn 2005 d'athbhreithníomar an tslí ina ndearnadh cumarsáid le deontóirí agus, freisin, an tionchar a bhí ag ár bhfeachtais phoiblíochta, ó thaobh dóthain deontóirí a mhealladh chun freastal ar riachtanais na n-ospidéal. Sheolamar ár seirbhís "téacs-teachtaireachtaí" go foirmeálta i gcomhar le Vodafone Ireland, a cheadaíonn dúinn 30,000 téacs-teachtaireachtaí sa mhí a eisiúint saor in aisce, d'fhonn ionaid agus amanna na gclinicí a mheabhrú do dheontóirí. D'éirigh thar barr leis an gcomhpháirtíocht seo agus is mór ár meas ar an bpáirt a ghlac Vodafone i gcoinneáil soláthairtí fola sa tír seo.

I 2005 scrúdaíomar na próisis uile atá ceangailte le bronnadh deonachán inár gclinicí. Rinneadh seo i gcomhar le eagraíocht sheachtrach, chun go bhfeicimís conas ab fhearr an próiseas a shruthlíniú gan sábháilteacht ná dea-chaigeáin a chur i mbaol, ach taithí deonacháin níos fearr a chinntiú don deontóir.

Fógraíodh toradh na gcleachtas mapála próisis seo don fhoireann uile faoi dheireadh na bliana, agus conas tabhairt faoi na moilleagaí a d'aithin deontóirí mar cheann de na saincheisteanna is mó a chuir as dóibh. Ceapadh Tascfhórsa faoi Chathaoirleacht an Stiúrthóra Oibríochtaí chun dul i gcomhairle le baill foirne ar gach leibhéal den phróiseas deonacháin, a chinntiú go bhforbrófaí sraith moltaí a d'athródh an próiseas deonacháin agus a cheadódh próiseas níos sruthlínithe inár gclinicí d'fhonn an t-am feithimh a laghdú agus níos mó deontóirí a phróiseáil san am ar fáil. Obair mhór a bheidh anseo sa dá go trí bliana romhainn chun athrú radacach a chur ar an dóigh a n-oibríonn ár gclinicí, agus a chinntiú go gcoinneoimid deontóirí agus go spreagfar iad chun filleadh orainn agus fuil a thabhairt arís ar bhonn rialta.

## STRAITÉIS AGUS STRUCHTÚR

I mBealtaine 2005 sheol Cathaoirleach an Bhoird Plean Straitéiseach 2005-2009. Ba fhorbairt shuntasach í seo don eagraíocht, óir rianaigh sé an cosán ar mian leis an SFAÉ a ghlacadh sna blianta romhainn, chun ár seirbhísí a fhorbairt agus a chinntiú go mbeimid ag plé le saincheisteanna cuí agus ag glacadh roghanna cearta maidir le dáiliú acmhainní. Cuidíonn an leithdháileadh buiséid leis na tosaíochtaí a luaitear sa Phlean Straitéiseach, agus ionramháladh iad seo ina bPleananna Gnó do phríomhréimsí feidhmiúla na heagraíochta.

Tionscnaíodh athbhreithniú breise ar na struchtúir bhainistíochta i bhfómhar 2005, lena chinntiú go raibh an struchtúr ag teacht le moltaí Thuarascáil Kubanek, a chuir béim ar an ngá a bhí le córas aontaithe fola a mbeadh córas caighdeáin amháin aige. Meastar go bhfoilseofar plé na Sainchomhairleoirí go luath i 2006, agus go bhforfheidhmeofar é faoi dheireadh Ráithe 2.

## ACMHAINNÍ DAONNA

Tá múnla na Comhpháirtíochta á fhorbairt i gcónaí, agus bíonn páirt aici i riar saincheisteanna laistigh den eagraíocht. I measc na bhforbairtí suntasacha, bhí eagrú an "Lá as Baile"/Comhdháil Oirnithe Náisiúnta i nDeireadh Fómhair 2005 i mBaile Átha Luain, áit ar fhreastail 150 ball foirne ar ócáid thoirbhirtí bunsmaoinimh na maidine ag an Stiúrthóir Náisiúnta Míochaine agus ag Mr. Eddie O'Sullivan, Príomh-Thraenálaí Fhoireann Rugair na hÉireann, agus ar imeachtaí spraoi um thráthnóna. D'eascair an coincheap seo as an ngá a bhí le cumarsáid níos fearr idir ionaid, agus as ráitis agus tuairimí a cuireadh ar aghaidh tríd an Suirbhé Aoráide a rinneadh ag deireadh 2004. D'éirigh thar barr leis an lá agus mhol a raibh i láthair go n-eagrófaí comhdháil eile agus go spreagfaí tuilleadh ball foirne chun páirt a ghlacadh inti.

Tugadh faoi mhórthionscnamh oiliúna agus forbartha le linn 2005, agus cuireadh acmhainní

suntasacha ar fáil don réimse seo. Is gá dúinn leanúint le béim níos mó fós ar fhorbairt ghairmiúil agus phearsanta agus cur leis an iliomad cúrsaí atá ann chun inniúlacht theicniúil a chothabháil, agus a chinntiú go gcáilítear agus go n-oiltear daoine chun na feidhmeanna reatha a chur i gcrích. Is réimse é seo a éilíonn anailís bhreise agus roinnt tionscnamh atá níos dírithe, chun déileáil le sainghnéithe forbartha na foirne agus, go háirithe, na mbainisteoirí ar gach leibhéal.

I 2005 pléadh le líon suntasach saincheisteanna a tógadh sa Suirbhé Aoráide, ach tá roinnt réimsí fós le cur i gcrích agus táthar ag súil le seo a dhéanamh faoi Ráithe 2 de 2006. Cleachtadh fíorluachmhar é seo a dhéanfaimid arís sa 18 mí – 2 bhliain atá romhainn, go bhfeicfimid cén tionchar ar dhearcadh na foirne a bheidh ag na tionscnaimh a cruthaíodh tar éis an chéad chleachta, sna réimsí uile a ceistíodh

## PRÍOMH-FHORBAIRTÍ STRAITÉISEACHA

I 2005 d'fhorbair SFAÉ prótacail agus thosaigh sí ag eisiúint pláitíní le seilfré 7-lá. Bailíodh na pláitíní seo trí theicneolaíocht afairísis a úsáid ar mheaisíní GAMBRO. B'fhorbairt mhór don eagraíocht í seo, a rinne foireann tionscadail faoi cheannas an Stiúrthóra Náisiúnta Míochaine. Ina theanntasan, bhí SFAÉ páirteach i luacháil scagaire priain a thabharfadh cúnamh breise chun baol vGCJ ó aistriúcháin ceall dearg a mhaolú. Tá trialacha cliniciúla ar siúl i roinnt ospidéal chun tionchar an scagaire ar cheal dearg críochnaithe a mheas.

Thionscníomar luacháil TIGRIS, agus meastar nach gcríochnófar seo go dtí lár 2006, nuair a athbhreithneoimid an straitéis le haghaidh thástáil TAN.

Léiríonn na tionscnaimh seo nádúr forásach na hoibre atá á déanamh i SFAÉ, agus an mian atá againn a bheith ar thús cadhnaíochta i bhforbairtí eolaíochta na míochaine aistriúcháin.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le foireann uile SFAÉ as a dtiomantas agus a ngairmiúlacht le linn 2005, rud a ligeann do SFAÉ freastal a dhéanamh ar riachtanais na ndeontóirí agus na n-othar.

**ANDREW KELLY** | Príomhfheidhmeannach



**Dr. William Murphy**
An Stiúrthóir Náisiúnta Míochaine

# 3 TUAIRISC AN STIÚRTHÓRA NÁISIÚNTA MÍOCHAINE

**Tháinig reachtaíocht náisiúnta nua i bhfeidhm i mbliana a rialaíonn an fhuilaistriúchán in Éirinn. Is reachtaíocht í a d'aistrigh go dlí na hÉireann Treoracha den AE ar glacadh leo le blianta beaga anuas. Is gá do SFAÉ anois feidhmiú faoi théarmaí ceadúnais ó Bhord Chógais na hÉireann; clúdaíonn an ceadúnas seo gach gné oibríochta atá againn agus is gá é a athnuachan gach trí bliana.**

Bhí gá le dlíthe den AE agus le dlíthe náisiúnta a chlúdaíonn sábháilteacht fuilaistriúcháin, de bharr teagmhas dearóil na 1980dí agus na 1990dí, nuair a chuir drochchleachtais aistriúcháin i dtíortha éagsúla, Éire san áireamh, leis an dochar ó VEID agus heipitíteas san Eoraip agus ar fud an domhain. D'aithin reachtóirí san Eoraip gur sainceist mhórthábhachta shláinte phoiblí é an t-aistriúchán, agus go raibh cosaint aonleibhéal de dhíth ar shaoránaigh Eorpacha ar fud an AE. Cuireann an reachtaíocht roimhe a chinntiú go nglacfar leis na cleachtais is fearr i gcúrsaí aistriúcháin agus go mbeidh siad ar fáil ar fud na hEorpa uile.

Ó thaobh SFAÉ de, níor tharla aon athrú tobann de bharr theacht i bhfeidhm na rialachán nua – tá gaol forbartha an-tairbheach againn le BCÉ le tuairim is deich mbliana anuas, agus chinntigh iniúchtaí rialta BCÉ, a éilítear faoi théarmaí Thuarascáil Finlay 1997, gur aimsíomar ardleibhéal comhaill le riachtanais BCÉ i bhfad roimh na hathruithe sa dlí. Ní próiseas éasca a bhí ann i gcónaí, ach is cinnte gur mhór ab fhiú é agus, ar deireadh thiar, is buntáiste é do na deich mílte othar a mbíonn aistriúcháin chomhpháirteanna fola de dhíth orthu gach bliain. Ní hamháin gur gá dúinn tástáil, scagthástáil agus próiseáil úrscothach a chur i bhfeidhm, ach caithfidh gach tástáil agus próiseas a bheith faoi rialú buan ag dianchlár ráthaíochta caighdeán.

Le imeacht aimsire, áfach, cothóidh an reachtaíocht nua athruithe fairsinge. Tarlóidh seo, ar bhealach, toisc go síneann sainchúram BCÉ chuig bainc fola na n-ospidéal, agus, freisin, toisc gurb é an Coimisiún a leagfaidh síos sonraíochtaí agus caighdeáin theicniúla na n-ionad aistriúcháin feasta, agus ní hiad na hionaid aistriúcháin, mar a tharla cheana. Beidh ar SFAÉ féachaint ar impleachtaí na n-athruithe seo dá cleachtas agus don eagraíocht féin sna blianta atá romhainn.

Bhí modhanna nua á dtionscnamh ag SFAÉ maidir le bailiú, tástáil agus próiseáil deonachán fola le linn 2005. De réir mar a fhorbrófar teicneolaíocht nua, déanfaimid measúnú agus,

más cuí, bailíochtú ar mheaisíní, ar theicníochtaí nó ar threalaimh chun ár gcríocha féin, lena chinntiú gurb ionann na modhanna in úsáid ag SFAÉ agus an cur chuige is fearr atá ar fáil i leith sábháilteachta agus éifeachtúlachta. Le linn 2005 thástálamar scagaire nua, a ceapadh chun cumas tarchuir Ghalar Creutzfeldt Jakob trí fhuilaistriúchán a mhaolú, agus thionscnaíomar na chéad thrialacha cliniciúla dá úsáid ar dhaoine. D'fhorbraíomar agus thosaíomar teicníocht nua chun seilfré pláitíní a fhadú, agus rinneamar tástáil bhaictéarach ar na pláitíní uile a d'ullmhaigh SFAÉ. Thionscnaíomar, freisin, measúnú na tástála le haghaidh aigéid núicléigh ar dheontóirí aonair, modh a fhéadfadh solúbthacht agus íogaireacht tástála a mhéadú i gcás bagairtí víris ar aistriúcháin, bíodh siadsan seanbhunaithe nó á nochtadh. Ina theanntasan, thosaíomar clár le acmhainn inleathnaithe chun athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar an dóigh ina reáchtáiltear clinicí, d'fhonn an próiseas a shruthlíniú agus a fheabhsú.

Tá forbairt leanúnach ag tarlú i ngach réimse den fhuilaistriúchán; níl buan ach an t-athrú féin. Níl sna foráis reachtaíochta agus teicneolaíochta ach dhá thiománaí an athruithe – tá géarghá freisin le cur chuige costaséifeachtach chun ár spriocanna a aimsiú agus riachtanais na ndeontóirí a fhreastal.

Tá gné eile fós a chuireann le forsaí an athraithe, agus is cosúil go leanfaidh sí á thiomáint ar feadh na mblianta. Tá an haemafaireachas agus staidéir chliniciúla eile ar othair a fhaigheann aistriúcháin ag tabhairt léargais nua ar iarmhairtí na n-aistriúchán, go háirithe i gcás othar atá i mbaol báis. Ón staidéir seo, mar shampla, nochtadh móriarmhairt dhiúltach ar aistriúcháin phlasma – géarghortú scámhóige a bhí bhainteach le aistriúchán, rud a measadh roimhe seo a bheith rí-annamh agus réasúnta neamhdhíobhálach. Tá a fhios againn anois nach bhfuil seo an-neamhchoitianta ná an-neamhdhíobhálach, agus tá bearta curtha i gcrích againn chun é a chosc. D'fhéadfadh athruithe den chineál céanna a theacht gan ró-mhoill de bharr breis tuisceana faoin toradh a bhíonn ag stóráil ceall dearg ar sheachadadh ocsaigine chuig fíocháin othair atá go dona tinn.


Ní dhéanann aon cheann de na hathruithe seo difir ar bith do chroíchuspóir sheirbhís fuilaistriúcháin – an bunriachtanas atá ag tír ar bith ná go mbronnfadh saoránaigh a bhfuil féin ar son leas agus sláinte na ndaoine ina measc atá breoite. Ní aon fhorbairt eolaíoch le feiceáil ag deireadh 2005 a athróidh an riachtanas sin, agus tá SFAÉ ag tnú leanúint ag obair lenár bpríomh-chomhpháirtithe – an pobal deonacháin a bhfuilimidne agus an córas cúram sláinte uile ag brath air – ar feadh na blianta romhainn, d'fhonn a chinntiú go bhfaighidh othair in ospidéil na hÉireann an cúram uile atá de dhíth orthu.

**DR WILLIAM MURPHY** | An Stiúrthóir Náisiúnta Míochaine

MD, FRCPEdin, FRCPath

# GNÍOMHAÍOCHT NA SEIRBHÍSÍ DEONTÓRA

# 01





# 4 GNÍOMHAÍOCHT NÁISIÚNTA NA SEIRBHÍSÍ DEONTÓRA

**Tá na Seirbhísí Deontóra freagrach as fuil a bhailiú trí ghréasán de chlinicí seasta agus d'ionaid réigiúnacha ar fud na tíre. Tá na hionaid réigiúnacha freagrach as clinicí soghluaiste a eagrú ina gceantair féin, agus clúdaíonn siad an t-oirdheisceart, an t-oirthuaisceart, an deisceart, an t-iarthar láir agus an t-iarthar. Tá clinicí seasta lonnaithe i mBaile Átha Cliath ar Shráid D'Olier, sa Lárionad Náisiúnta Fola, i Stigh Lorgan, agus i gCorcaigh ag Ospidéal Nmh. Fionnbarra.**

## TÓGÁIL FEASACHTA

Tá gearghá feasacht a scaipeadh faoin ngá atá le deonacháin fola atá nua agus rialta. Thug an fhoireann margaíochta an-chuid toirbhirtí feasachta d'eagraíochtaí agus do scoileanna le linn na bliana, chomh maith le deiseanna bolscaireachta eile.

Bhí SFAÉ páirteach i dtionscnaimh i gcoláistí agus in ionaid siopadóireachta, agus d'eagraigh sí seastáin taispeántais ag Taispeántas an Eolaí Óig agus ag na Craobhchomórtais Threafa.

## CLÁR FARRANTÓIREACHTA

D'fhreastail thar 5,000 duine ar dhá chlinic sheasta i mBaile Átha Cliath le cabhair cláir farrantóireachta a spreag chuideachtaí chun thar 650 cuairt a thabhairt ar chlinicí Shráid D'Olier agus Stigh Lorgan. Chuir an clár farrantóireachta thar 16% leis an bhfreastal foriomlán ar chlinicí seasta i mBaile Átha Cliath, agus is gné an-tábhachtach í seo d'earcú agus de choinneáil deontóirí i gceantar Bhaile Átha Cliath.

Tríd an gClár Farrantóireachta bíonn deis ag fostaitheoirí bronnadh fola a ghlacadh mar chuid dá dtiomantais don dualgas sóisialta corparáideach, trí dheis a thabhairt dá bhfoireann, mar ghrúpa, fuil a bhronnadh le linn uaireanta oibre. Cuireann SFAÉ córas iompair ar fáil chuig na clinicí agus ar ais uathu.

Forbraíodh pacaí faisnéise faoin nuachlár corparáideach le linn na bliana, chun an clár seo a fhorbairt i mBaile Átha Cliath.

Rinne SFAÉ urraíocht ar ócáid de chuid Sheomra Tráchtála Bhaile Átha Cliath sa Lárionad Náisiúnta Fola. Thug seo deis do SFAÉ lucht gnó a spreagadh chun breathnú ar dheonachán fola mar chuid dá gcláir um dhualgas corparáide sóisialta.

## FEACHTAS AN TSAMHRAIDH

Seoladh an feachtas Samhraidh i mí Meithimh, comhuaineach le Lá an Deontóra Fola Domhanda, agus é mar chuspóir aige a fhógairt don phobal go bhfuil deontóirí nua agus rialta ag teastáil chun fuil a thabhairt ag tráth bliana atá dúshlánach go traidisiúnta ó thaobh deonachán de.

## SEACHTAIN NA FOLA SAOIL 2005

Ba í Seachtain na Fola Saoil 2005 an feachtas ba rathúla a bhí againn go dtí seo. Mhair sé ón 18ú go dtí an 24ú Meán Fómhair leis an téama "Bí páirteach sa chlub is neamhchoitianta in Éirinn". Príomhaidhm an fheachtais ab ea feasacht an phobail a mhéadú i leith deonacháin fola agus deontóirí nua agus rialta a spreagadh chun freastal ar chlinicí fuildeonacháin.

Ba iad Vodafone, TV3 agus Today FM na príomhthacaithe a bhí againn don fheachtas seo, agus i rith na bliana, freisin, thug Dublin FM104 tacaíocht do SFAÉ ar roinnt tionscadal.



Ar na imeachtaí sráide a eagraíodh i Sráid Grafton ar an 20ú Meán Fómhair, bhí taispeáint 'Buddy Blood Drop' den chéad uair. Scaipeadh pinn agus eochairfháinní nua, chomh maith le cartaí gealltanais. Daoine ar suim leo bheith ina ndeontóirí fola, ligeann an clár gealltanais dóibh saorchárta clárúcháin poist a chomhlánú nó, ina áit sin, a gcuid sonraí a chur i dtéacs chugainn, agus paca faisnéise agus sonraí faoi na clinicí is gaire dóibh a fháil ar ais. Bhí seo ar cheann de na tionscadail ba rathúla i rith na bliana agus tá pacaí faisnéise faoin gclár gealltanais faighte ag na mílte deontóirí féideartha.

Thug Ray Darcy agus Ian Dempsey, Ceirneoirí Today FM, tacaíocht dúinn freisin le linn Sheachtain na Fola Saoil. Rinne Ceirneoirí Today FM agus FM 104 fógraí a thaifeadadh chun ár dtionscnamh gealltanais a chur chun cinn, agus craoladh iadsan le linn Sheachtain na Fola Saoil.

Reachtáladh searmanas buíochais san Lárionad Náisiúnta Fola ag tabhairt aitheantais do chomhordaitheoirí an Chláir Farrantóireachta agus do dheontóirí nuabheireatais as a gcuid crua-oibre agus tiomantais. Scaip an Cathaoirleach, Ms.

## FEACHTAS NA NOLLAG

Seoladh feachtas réamh-Nollag ar an 28ú Samhain, ag tathant ar dheontóirí smaoineamh fuil a thabhairt roimh thréimhse saoire na Nollag.

## SEIRBHÍS TÉACSTEACHTAIREACHTA DO DHEONTÓIRÍ

Thug Vodafone tacaíocht leanúnach don tseirbhís téacsteachtaireachtaí meabhrúcháin i leith clinicí. Fógraíodh i dtéacs do dheontóirí, na hionaid agus na huaireanta a mbeadh clinicí bailiúcháin soghluaiste ina gceantair. Bhí glacadh maith ag deontóirí leis an gclár seo, mar mhodh cumarsáide le deontóirí a bhfuil géarghá leis agus atá an-luachmhar. Bhí Vodafone, mar chuid dá Chlár Dualgais Shóisialta Chorparáide, ag cur ar chumas SFAÉ cumarsáid a dhéanamh ar mhodh an-díreach le deontóirí. I mí na Samhna bhronn Seomra Tráchtála na hÉireann teideal An Tionscadal Tionscnaimh is Fearr i 2005 ar an gclár seo, ag na Dámhachtainí Bliantúla um Dhualgas Sóisialta Corparáide.

## CAIDREAMH POBAIL


Tá caidreamh corparáideach agus caidreamh pobail fíor-thábhachtach do SFAÉ. I mbliana thacaigh Rotary Ireland le SFAÉ trí spreagadh gníomhach a thabhairt dá mbaill a dteaghlaigh agus a gcairde a earcú  chun bheith ina ndeontóirí fola ar bhonn rialta. Rinneadh toirbhirtí do bhaill Rotary ar fud na tíre, ag aibhsiú an gá atá le deontóirí nua agus rialta.



# 5 STAITISTICÍ DEONTÓRA


## LNF (SEACHAS IARM): EAN – NOLL 2004 + 2005

| | FREASTAL | | SOLÁTHAR | |
|---|---|---|---|---|
| | 2004 | **2005** | 2004 | **2005** |
| Ean | 11,449 | **11,029** | 9,059 | 9,042 |
| Fea | 10,750 | **9,893** | 8,460 | 8,057 |
| Már | 12,684 | **11,808** | 9,621 | 9,470 |
| Aib | 11,936 | **11,424** | 9,094 | 9,208 |
| Beal | 11,259 | **10,906** | 8,260 | 8,838 |
| Meith | 13,083 | **15,770** | 10,348 | 12,338 |
| Iúil | 12,888 | **11,092** | 10,177 | 9,042 |
| Lún | 10,870 | **11,849** | 8,579 | 9,738 |
| M.F. | 11,217 | **11,584** | 8,896 | 9,252 |
| D.F. | 10,624 | **10,227** | 8,552 | 8,272 |
| Samh | 12,065 | **11,261** | 9,703 | 8,960 |
| Nol | 9,704 | **10,701** | 8,009 | 8,568 |
| Iomlán | 138,529 | **137,544** | 108,758 | 110,785 |




## IOMLÁN IARM: EAN – NOLL 2004 + 2005

| | FREASTAL | | SOLÁTHAR | |
|---|---|---|---|---|
| | 2004 | **2005** | 2004 | **2005** |
| Ean | 4,755 | **4,448** | 3,816 | **3,717** |
| Fea | 4,111 | **3,960** | 3,304 | **3,283** |
| Már | 4,512 | **4,560** | 3,673 | **3,684** |
| Aib | 4,548 | **4,516** | 3,618 | **3,738** |
| Beal | 4,457 | **4,203** | 3,391 | **3,453** |
| Meith | 4,855 | **5,646** | 3,776 | **4,498** |
| Iúil | 4,577 | **3,904** | 3,689 | **3,202** |
| Lún | 4,916 | **4,733** | 4,060 | **3,852** |
| M.F. | 4,511 | **4,495** | 3,726 | **3,637** |
| D.F. | 4,071 | **4,356** | 3,365 | **3,531** |
| Samh | 5,120 | **4,866** | 4,011 | **3,956** |
| Nol | 4,409 | **4,507** | 3,623 | **3,570** |
| Iomlán | 54,842 | **54,194** | 44,052 | **44,121** |



## MÓR-IOMLÁN IARM: EAN – NOLL 2004 + 2005

| | FREASTAL | | SOLÁTHAR | |
|---|---|---|---|---|
| | 2004 | **2005** | 2004 | **2005** |
| Ean | 16,204 | **15,477** | 12,875 | **12,759** |
| Fea | 14,861 | **13,853** | 11,764 | **11,340** |
| Már | 17,196 | **16,368** | 13,294 | **13,154** |
| Aib | 16,484 | **15,940** | 12,712 | **12,946** |
| Beal | 15,716 | **15,109** | 11,651 | **12,291** |
| Meith | 17,938 | **21,416** | 14,124 | **16,836** |
| Iúil | 17,465 | **14,996** | 13,866 | **12,244** |
| Lún | 15,786 | **16,582** | 12,639 | **13,590** |
| M.F. | 15,728 | **16,079** | 12,622 | **12,889** |
| D.F. | 14,695 | **14,583** | 11,917 | **11,803** |
| Samh | 17,185 | **16,127** | 13,714 | **12,916** |
| Nol | 14,113 | **15,208** | 11,632 | **12,138** |
| **Iomlán** | 193,371 | **191,738** | 152,810 | **154,906** |





## TREOCHTAÍ DEONACHÁIN 1996 – 2005

| | **1996** | **1997** | **1998** | **1999** | **2000** | **2001** | **2002** | **2003** | **2004** | **2005** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| FREASTAL | 181274 | 172913 | 175225 | 176396 | 174738 | 181684 | 196587 | 186345 | 193371 | 191738 |
| SOLÁTHAR | 159521 | 152163 | 152078 | 148172 | 145033 | 142740 | 155056 | 146078 | 152810 | 154906 |




## LÍON CARNTHA LNF AR STRACFHÉACHAINT: 2004 + 2005

| | FREASTAL | | SOLÁTHAR | |
|---|---|---|---|---|
| | 2004 | **2005** | 2004 | **2005** |
| **Iomláin** | 138529 | **137544** | 108758 | **110785** |





## IONAD BHAILE ÁTHA FHIRDHIA: 2004 + 2005

| | FREASTAL | | SOLÁTHAR | |
|---|---|---|---|---|
| | 2004 | **2005** | 2004 | **2005** |
| **Iomláin** | 26658 | **25659** | 20805 | **20661** |




## IONAD CHEATHARLACH: 2004 + 2005

| | FREASTAL | | SOLÁTHAR | |
|---|---|---|---|---|
| | 2004 | **2005** | 2004 | **2005** |
| **Iomláin** | 32504 | **30718** | 26959 | **25924** |





## IONAD SHRÁID D'OLIER: 2004 + 2005

| | FREASTAL | | SOLÁTHAR | |
|---|---|---|---|---|
| | 2004 | **2005** | 2004 | **2005** |
| **Iomláin** | 23766 | **26218** | 18251 | **20521** |




## IONAD SOGHLUAISTE A HAON BHAILE ÁTHA CLIATH: 2004 + 2005

| | FREASTAL | | SOLÁTHAR | |
|---|---|---|---|---|
| | 2004 | **2005** | 2004 | **2005** |
| **Iomláin** | 28957 | **28060** | 22712 | **22221** |





## IONAD STIGH LORGAN: 2004 + 2005

| | FREASTAL | | SOLÁTHAR | |
|---|---|---|---|---|
| | 2004 | **2005** | 2004 | **2005** |
| **Iomláin** | 4779 | **6107** | 3444 | **4731** |




## IONAD THUAMA: 2004 + 2005

| | FREASTAL | | SOLÁTHAR | |
|---|---|---|---|---|
| | 2004 | **2005** | 2004 | **2005** |
| **Iomláin** | 21865 | **20782** | 16587 | **16727** |





## IONAD LUIMNÍ: 2004 + 2005

| | FREASTAL | | SOLÁTHAR | |
|---|---|---|---|---|
| | 2004 | **2005** | 2004 | **2005** |
| **Iomláin** | 21,511 | **22367** | 16942 | **17944** |




## IONAD SEASTA IARM: 2004 + 2005

| | FREASTAL | | SOLÁTHAR | |
|---|---|---|---|---|
| | 2004 | **2005** | 2004 | **2005** |
| **Iomláin** | 4434 | **4463** | 3586 | **3490** |




## IONAD SOGHLUAISTE A HAON IARM: 2004 + 2005

| | FREASTAL | | SOLÁTHAR | |
|---|---|---|---|---|
| | 2004 | **2005** | 2004 | **2005** |
| **Iomláin** | 28897 | **27364** | 23524 | **22687** |






*Ray Darcy agus Ian Dempsey ó Today FM le Buddy Blood Drop le linn Sheachtain na Fola Saoil.*

# TUAIRISCÍ EARNÁLA

# 02





# 6 PRÓISEÁIL AGUS TÁSTÁIL

**Tá saol teoranta ag fuil lasmuigh den chorp agus, mar sin de, tá sé tábhachtach go gcuirfí ar fáil le haghaidh aistriúcháin sna hospidéil í a luaithe is féidir tar éis bailithe. Cinntíonn na gnáthaimh atá i bhfeidhm ag SFAÉ gur féidir deonacháin a chur chuig ospidéil laistigh de 48 uaire an chloig tar éis bailithe.**

Stóráíltear cealla dearga ag 4°C agus tá seilfré 35 lá acu. Stóráiltear pláitíní ag 22°C agus tá seilfré 5 lá go díreach acusan. I 2005 tosaíodh ar phláitíní 7 lá a eisiúint tar éis tástála baictéareolaíche.

Nuair a bhíonn fuil á tabhairt ag duine, bailítear roinnt bheag samplaí fola le haghaidh tástála. Próiseáiltear an deonachán fola féin (470 ml.) sa tsaotharlann chomhphháirteanna, agus ullmhaítear na cealla dearga, na pláitíní agus an plasma le haghaidh úsáid theiripeach.

Déantar tástálacha le trealamh uathoibríoch agus rianaítear iad tríd an mbarrachód uathúil a shannaítear do gach deonachán. Úsáideann SFAÉ an teicneolaíocht agus na próisis thástála is deireanaí chun sábháilteacht gach táirge eisithe a chinntiú. Nuair a bhíonn an tástáil agus an phróiseáil críochnaithe, déantar scrúdú súile ar gach aonad. Scantar barrachód an aonaid agus nuair a bhíonn gach tástáil críochnaithe agus torthaí sásúla faighte, cuirtear lipéad ar an aonad agus scaoiltear le eisiúint é.

## GRÚPÁIL UATHOIBRÍOCH NA NDEONTÓIRÍ

Le linn na bliana thástáil an tSaotharlann Deontóirí Uathoibríoch breis agus 116,000 sampla ó dheontóirí fola. Is ionann seo agus 2 milliún tástáil aonair, lena n-áirítear grúpáil ABO, feinitípeáil agus scagthástáil/sainaithint antashubstaintí Rhesus.

Ó na torthaí seo, is féidir minicíocht na dtíopaí antaigine éagsúla sa phobal a chinneadh, i gcomparáid leis na minicíochtaí ionchais. Tá an fhaisnéis seo tábhachtach, chun gur féidir

| Fuilghrúpa | O | A | B | AB |
|---|---|---|---|---|
| % Ionchais | 45 | 40 | 11 | 4 |
| % Fíor | 56 | 30 | 11 | 3 |

leorstoc fola a choinneáil i gcuíchuibhneas lena húsáid. Mar shampla, is féidir a fheiceáil, nuair a scrúdaítear na torthaí tíopála ó 2005 ar dheontóirí chéaduaire, go bhfuil níos lú daoine de ghrúpa A agus níos mó de ghrúpa O sa phobal ná mar a síleadh.

Tá an cineál faisnéise seo an-úsáideach, óir bíonn ró-éileamh ar chomhpháirteanna fola de ghrúpa O i gcónaí.

Bíonn an tSaotharlann Grúpála Uathoibríoch ag síormheasúnú na gcineálacha nua tástála agus teicníochtaí atá in úsáid, d'fhonn bheith ar aonchéim leis na cleachtais thástála idirnáisiúnta. I mbliana tionscnaíodh cineál nua uathoibríochta do thíopáil fola, QASAR IV, a leathnóidh a thuilleadh na cineálacha tástála is féidir a dhéanamh ar dheonacháin fola. Cuirfidh seo ar chumas na roinne scagthástáil a thosú do haemaglóibin S, an cineál haemaglóibin atá bainteach leis an ngalar Corráncheallach. Trí dheonacháin a scagthástáil don tréith seo, cuirfear feabhas breise ar shábháilteacht fola agus ar na comhpháirteanna fola a eisíonn SFAÉ.

## VÍREOLAÍOCHT

Glacann an tsaotharlann víreolaíochta sampla téachtaithe ó gach deontóir nuair a bhíonn deonachán á thabhairt. Sainaithnítear an sampla seo, tráth an deonacháin, le sainaithneoir barrachóid uathúil. Tástáiltear an sampla le haghaidh sainmharcóirí víreasacha a fhéadfaí a tharchur trí aistriúchán.

Déantar na tástálacha seo le trealamh a fhreagraíonn don DCD (dea-chleachtas déantúsaíochta). Traschuirtear na torthaí go leictreonach chuig Progesa. Scantar an barrachód agus scaoiltear an t-aonad lipéadaithe lena eisiúint, tar éis gach tástáil a bheith déanta agus torthaí sásúla faighte. Cinntítear caighdeán an chórais tástála trí fheidhm a bhaint as na caighdeáin san "Fhoras Náisiúnta um Chaighdeáin agus Rialuithe Bitheolaíocha", mar rialúcháin "déan/ná déan" do gach ruthag tástála.

Cinntíonn seo go bhfuil an trealamh ag feidhmiú ar an gcaighdeán is airde. Glacann an tsaotharlann páirt i gclár monatóireachta a ligeann do SFAÉ na torthaí a chur i gcomparáid le torthaí na nIonad Fola sa RA.

Glacann an tsaotharlann páirt, freisin, sa chlár faireachais a reáchtálann Gníomhaireacht Chosanta Sláinte na Seirbhís Náisiúnta Fola. Déantar monatóireacht ar rátaí frithghníomhaíochta na dtrealamh tástála agus ar thorthaí dearfa, ag baint úsáid as lota-uimhreacha éagsúla na n-athghníomhairí atá ag an Údarás Náisiúnta Fola.

Gintear tuairisc fhaisnéise, a thugann mionsonraí faoin bhfeidhmíocht mheasúnachta agus faoi threochtaí na rátaí frithghníomhacha.

Déantar na tástálacha séireolaíochta seo a leanas sa tsaotharlann víreolaíochta agus tá siad ceangailteach i gcás na ndeonachán uile.:

- Heipitíteas B lena n-áirítear Antaigin dhromchlach Heipitíteas B agus croí-Antashubstaintí B
- Víreas Easpa Imdhíonachta Daonna
- Víreas Heipitíteas C
- Víreas T Limfeatrópach Daonna
- Sifilis

Stóráiltear sampla de shéirim reoite ó gach deonachán. Tástáiltear deonacháin roghnaithe le haghaidh VCM, i dtreo go mbeidh soláthar de dheonacháin VCM-diúltach ann d'othair a bhfuil sin de dhíth orthu.

I mí Aibreáin, tar éis bailíochtaithe fhorleathain, tionscnaíodh measúnacht nua le haghaidh croí-antashubstaint Heipitíteas B. D'fheabhsaigh an chroímheasúnacht nua an sonraíochas, sa dóigh gur tharla laghdú suntasach ar líon na ndeontóirí a bhí bréag-fhrithghníomhach.

I dteannta le tástáil na gnáthshamplaí deontóra ó dheonacháin, tástálann an tsaotharlann, freisin, samplaí ó dheontóirí a bhí frithghníomhach cheana tar éis measúnacht scagthástála.

Déanann an tsaotharlann scagthástáil le haghaidh marcóirí víreasacha do na ranna éagsúla i SFAÉ, lena n-áirítear deontóirí smeara, deontóirí gascheall, deontóirí croíchomhlaí agus samplaí ó na cláir thástála um rianú faighteoirí.

## SAOTHARLANN TÁSTÁLA AIGÉID NÚICLÉIGH

Cuireann an tsaotharlann Thástála Aigéid Núicléigh (TAN) teicneolaíocht fhaobhrach ar fáil do na cleachtais reatha scagthástála fola, trí ardteicneolaíocht tástála Aigéid Núicléigh a chomhcheangal laistigh de chóras uathúil feadán aonta. Ceaptar na teicneolaíochtaí scagthástála atá ar fáil faoi láthair chun croí-antashubstaintí nó antaiginí dromchlacha a fhionnadh, ach fágann na táscairí ionfhabhtaithe seo mionriosca iarmharach ó thaobh tarchur galair de. Fionnann TAN leibhéil an-ísle de RNA víreasach nach mbeadh infhionnta tríd na measúnachtaí síreolaíochta a bhfuil glacadh leo faoi láthair.

Tástáiltear gach deonachán i saotharlann TAN an LNF, ag úsáid Mheasúnacht Chiron Procleix, VEID-1/VHC. Is córas measúnachta cáilíochtúil in-vitro é seo a thástálann aigéad núicléach chun víreas easpa imdhíonachta tíopa 1 agus/nó RNA de víreas heipitíteas C a fhionnadh i bplasma daonna. Tá an measúnacht seo an-íogair agus sonrach i leith aigéad núicléach víreasach, agus tig leis ionfhabhtú a fhionnadh níos luaithe ná modhanna scagthástála eile, rud a laghdaíonn an tréimhse 'fhuinneogach'. Coinnítear sampla de gach deonachán sa chlárlann.

Chun go n-éireoidh le tástáil TAN, tá sé fíorthábhachtach go gcoscfaí traséilliú laistigh den tsaotharlann féin agus, freisin, idir na samplaí próiseáilte. Léirítear go breá an leibhéal tábhachta a bhaineann le éilliú a chosc, leis an leagan amach docht sa tsaotharlann a chinntíonn sruth aontreoch samplaí tríd síos.

I rith na bliana tástáladh thar 160,000 deonachán sa tsaotharlann agus níor gá tarraingt ar an bplean tástála teagmhasach atá ag SFAÉ le Seirbhís Náisiúnta Fuilaistriúcháin na hAlban. Tá an tsaotharlann TAN páirteach in dhá chlár éifeachtúlachta, ceann acu a scaip an Foras Náisiúnta um Chaighdeáin agus Rialú Bitheolaíochta sa RA, agus ceann eile a scaip VQC-Acormetrix san Ísiltír.

Bíonn an tsaotharlann TAN páirteach freisin i gclár Ráthaithe Caighdeán (EDC.net) a sholáthraíonn an tSaotharlann Tagartha Náisiúnta Séireolaíochta (NRL na hAstráile) a bhfuil cáil cheannais dhomhanda uirthi. Tá an NRL ina Lárionad Comhoibrithe ag an WHO agus tugann a chláir Ráthaithe Caighdeáin meicníocht do shaotharlanna chun monatóireacht a dhéanamh ar chaighdeáin a bpróiseas tástála ó lá go lá. Reáchtálann an tsaotharlann Scéim Inniúlachta Inmheánach lena meastar inniúlacht gach oibreora chun an mheasúnacht Procleix VEID-1/VHC a fheidhmiú gach ráithe, agus tá clár monatóireacht i bhfeidhm don phróiseas staitisticiúil.

## DIAGNÓISIC

Cuireann an tsaotharlann diagnóisice haemaiteolaíocht imdhíonach na gceall dearg agus seirbhísí réamhbhreithe ar fáil d'ospidéil ar fud an náisiúin. Cuimsíonn seirbhísí na saotharlainne diagnóisice:

- Soláthar fola feinitíopáilte
- Soláthar fola trasmheaitseáilte do chásanna deacra agus d'ospidéil gan saotharlanna fuilaistriúcháin
- Imscrúdú ar fhadhbanna antashubstaintí
- Imscrúdú ar fhrithghníomhartha aistriúcháin haemalaíocha
- Tíopáil ABO/Rh, lena n-áirítear fadhbanna tíopála
- Imscrúdú ar Thástálacha dearfacha Frithghlóbailin Dhíreach (othair)
- Imscrúdú ar Anaemacht Uathimdhíonach Haemalaíoch
- Imscrúdú ar Ghalar Haemalaíoch na Naíonán Nuabhreithe (GHN)
- GHN a chosc trí ghnáth-Scagthástáil Réamhbhreithe i gcás toirchis phriaclaigh (lena n-áirítear cainníochtú Frith-D agus toirtmheascadh antashubstaintí ar cuid suntais chliniciúil iad)
- Soláthar fola oiriúnaí ag toirbhirt, i gcás toirchis phriaclaigh
- Comhairle eolaíoch do chomhghleacaithe ospidéil
- Feinitíopáil forleathnaithe d'othair atá spleách ar aistriúcháin.

I dteannta na seirbhísí atreoraithe thuas, rialaíonn an tSaotharlann Diagnóisice eisiúint gach táirge pláitín (lena n-áirítear táirgí VCM-diúltach, orduithe ioradaithe agus táirgí nuabhreith-oiriúnacha) agus eisiúint táirgí sainsoláthair na gceall dearg, (lena n-áirítear VCM-diúltach, ioradaithe agus nuabhreith-oiriúnach).

In iomlán, atreoraíodh 2,100 sampla le haghaidh seirbhísí diagnóiseacha i 2005.

## COMHPHÁIRTEANNA

Tá saotharlann chomhpháirteanna sa LNF atá freagrach as an bpróiseáil ar gach deonacháin fola a bhailítear i mBaile Átha Cliath, Sráid D'Olier, Stigh Lorgan, Clinic Shoghluaiste a hAon, agus Ceatharlach, Baile Átha Fhirdhia agus Tuaim.

Scagtar gach deonachán chun leocaicítí a bhaint as agus próiseáiltear é chun comhdhlúthúcháin ceall dearg, cótaí maolánacha do dhéanamh pláitíní comhthiomsaithe agus roinnt plasma do dhéanamh círidheascán comhthiomsaithe a tháirgeadh. Coinnítear, freisin, stoc teagmhasach teoranta de nuaphlasma reoite.

Táirgtear roinnt saintáirgí a oireann d'úsáideanna nuabhreithe agus a dhéantar de réir ordaithe.

I rith na bliana táirgeadh 102,400 comhdhlúthúchán ceall dearg. Ina theanntasan, táirgeadh 2,500 aonad lánfhola agus 2,300 aonad ceall dearg a oireann d'úsáid nuabhreithe. Táirgeadh 11,000 aonad in iomlán de phláitíní comhthiomsaithe agus 1,600 aonad de chíridheascáin chomhthiomsaithe.

Chuimsigh na saintáirgí nuabhreitha a táirgeadh, 967 comhdhlúthúchán ceall dearg, gach ceann acu roinnte i gcúig phaca, 915 aonad fola phlasma-laghdaithe, agus 82 aonad lánfhola phlasma-laghdaithe, gach ceann acu i gceithre phaca.

Le linn 2005 tionscnaíodh tionscadal chun ullmhóidí ceall dearg prianphróitéin-laghdaithe a tháirgeadh. Bhí an chéad staidéar spreagúil agus tá triail chliniciúil á déanamh ar an táirge anois. Táirgeadh 26 aonad ceall dearg in iomlán a bhí prianphróitéin-laghdaithe agus liúcaídithe.

## SAOTHARLANN HLA/NHIRL

Fuair saotharlann HLA faomhadh na Roinne Sláinte agus Leanaí a hainm a athrú go dtí an tSaotharlann Thagartha Náisiúnta Hiosta-chomhoiriúnachta agus Ghineolaíochta Imdhíonaí (NHIRL) i mí Feabhra. D'athraigh an tsaotharlann a chreidiúnú ón gCónaidhm Eorpach um Ghineolaíocht Imdhíonach (EFI) i nDeireadh Fómhair. Choinnigh an tsaotharlann a scór 100% i scéim oilteachta sheachtrach an NEQAS le haghaidh tíopáil DNA ardtaifeach.

I 2005 tháinig laghdú 1% ar líon na samplaí a tástáladh i gcomparáid le 2004. Tugadh faoi deara go raibh méadú suntasach ar an tástáil le haghaidh deontóirí smeara gaolmhara (11%) agus feinitíopáil HPA (325%) agus tíopáil HLA - A, B (404%) do phainéal na bpláitíní, i gcomparáid le 2004.

De bharr laghduithe ar earcú IUBMR (15%), ar thástáil le haghaidh galarbhainteacht (17%), ar dheontóirí smeara neamhghaolmhara (17%), ar thíopáil rang I+II ardtaifeach (2%), ar ghéinitíopáil HPA (19%), agus de bharr scoir den tseirbhís bhaill sholadaigh i 2004, cuireadh leis an laghdú beag ar thástáil i gcoitinne. Thit na tarchuir, freisin, le haghaidh tástálacha antashubstaintí (HLA + HPA araon) de 19%, rud a léiríonn, b'fhéidir, ár dteagmháil leis na hospidéil uile ag cur in iúl gur scoramar d'imscrúdú na samplaí ó chásanna amhrasacha ITP. Scoradh an tseirbhís thrasmheatseála pláitíní i mí Dheireadh Fómhair.

Tá an tsaotharlann NHIRL ag tabhairt seirbhíse ardchaighdeáin i gcónaí, rud a bhí léirithe ag athnuachan ár gcreidiúnú le EFI i bhfómhair 2005 agus ár scór 100% le haghaidh tíopáil ardtaifeach rang I+II i NEQAS.



# 7 SEIRBHÍSÍ OSPIDÉIL

**Is nasc fíorthábhachtach sa slabhra dáiliúcháin í roinn na seirbhísí ospidéil, agus cinntíonn sí go sroicheann an fhuil na hothair a bhfuil sí de dhíth orthu faoi choinníollach rialaithe. Is é príomhghnó na seirbhísí ospidéil a chinntiú go ndáiltear go slán sábháilte gach táirge atá glanta le eisiúint d'ospidéil. Tá bainistiú criticiúla táirgí i gceist leis seo, agus is gá taifid chruinne chuimsitheacha a choinneáil den fhuil, de na comhpháirteanna agus de na díorthaigh fola a fhaightear agus a eisítear.**

## FUIL AGUS TÁIRGÍ FOLA A EISÍODH: 2004 + 2005

| TÁIRGÍ EISITHE | 2005 | 2004 |
|---|---|---|
| Cealla Dearga & Lánfhuil | 139,314 | 136,230 |
| Pláitíní – Dáileoga Teiripeacha | 19,777 | 17,598 |
| Plasma Reoite | 746 | 2,089 |
| Octaplas | 24,880 | 24,848 |
| Críodheascán | 1,765 | 1,258 |
| Factóir VIIA (x IU) | 424,080 | 405,280 |
| Próitéin C (x IU) | - | 9,500 |
| Frith-Throimbin III (x IU) | 79,850 | 5,000 |
| Athchuingire Factóir VIII (x IU) | 21,031,000 | 20,805,066 |
| Plasma Factóir VIII | - | - |
| Factóir Von Willebrand (x IU) | 543,000 | 592,500 |
| Athchuingire Factóir IX (x IU) | 10,970,280 | 10,559,228 |
| Prótroimpléasc (x IU) | 459,600 | 541,200 |
| Factóir XIII | 9,750 | 5,100 |

## BAINCÉIREACHT FÍOCHÁIN

Tá Banc Fíocháin an LNF comhdhéanta de Bhanc Súl na hÉireann, Banc Homaibheangaithe Chroíchomhlaí na hÉireann agus Banc Fhuil Chorda Dhírithe na hÉireann. Tá córas bainistíochta caighdeáin i bhfeidhm agus feidhmíonn an banc de réir caighdeán Chumann Banc Súl na hEorpa agus Chumann Banc Fíocháin na Breataine.

## BANC NA SÚL

### COIRNÍ

Níor bailíodh coirní ar bith ó dheontóirí Éireannacha i 2005. Allmhairíodh 94 coirne ó Bhanc Súl na Rocky Mountains Lions (RMLEB) i Denver, Colorado, agus eisíodh iad.

### SCLÉARA

Níor bailíodh aon scléara ó dheontóirí Éireannacha i 2005. Allmhairíodh 23 scléara ó Bhanc Súl na Rocky Mountains Lions (RMLEB) i Denver agus eisíodh iad. Coinnítear stoc d'fhíocháin scléara allmhairithe i mBanc na Súl, lena eisiúint ar iarratas.

### FÍOCHÁN AIMNIAIN

Eisíodh 19 píosa fíocháin aimniain reoite. Coinnítear stoc d'fhíochán aimniain allmhairithe i mBanc na Súl i gcónaí, lena eisiúint ar iarratas

### PEIREACAIRDIAM

Eisíodh 2 píosa fíocháin peireacairdiam reothriomaithe. Coinnítear stoc fíocháin peireacairdiam i mBanc na Súl i gcónaí lena eisiúint ar iarratas.

### BANC NA GCROÍCHOMHLAÍ

Próiseáladh 80 croíchomhla homaibheangaithe ó 42 deontóir i 2005. Eisíodh 77 chun gnáthaimh a chumhdach. Ionclannaíodh 42 acu seo agus cuireadh an fuílleach ar ais gan úsáid.

Ina theanntasan d'allmhairigh máinlianna comhairleacha cairdiac 10 croíchomhla homaibheangaithe d'othair ar leith agus baineadh úsáid as 9 acu. Stórálann agus dáileann an Banc Croíchomhlaí na comhlaí allmhairithe seo, mar sheirbhís do na hospidéil ábhartha.



# 8 RÁTHÚ CAIGHDEÁN

**Tá an fheidhm Ráthaithe Caighdeán freagrach as comhall rialaitheach a chinntiú laistigh de SFAÉ. Bhí Ráthú Caighdeán i gceist freisin, i rith na bliana, i gcás roinnt tionscadal forbartha mórtháirgí.**

Forfheidhmíodh go rathúil feabhsú an Chláir Scagthástála Baictéaraí san LNF, mar thús le tástáil agus scaoileadh pláitíní 7 lá. In IARM tionscnaíodh plean chun scagthástáil bhaictéarach a fheidhmiú san ionad. Iompraítear samplaí IARM chuig an LNF faoi láthair agus tástáiltear ann iad.

D'fhorbair SFAÉ clár chun teicneolaíocht laghdaithe priain a thionscnamh faoi mhaoirsiú an Stiúrthóra Náisiúnta Míochaine. Tá ról fíor-riachtanach ag an bhfeidhm ráthaíochta caighdeán, ag tacú le trialacha cliniciúla agus ag tionscnamh teicneolaíochtaí nua.

Is cuspóir tábhachtach de chuid SFAÉ é an Comhall Rialaitheach, agus bhí 12 iniúchadh DCD acu le linn na bliana a chlúdaigh suímh, stóir agus aonaid shoghluaiste.

Ós rud é gur forfheidhmíodh Treoir Fola an AE le Ionstraim Reachtúil 360 de 2005, déantar iniúchtaí BCÉ ar fhorais fola anois faoi Threoir Fola an AE. Tá SFAÉ ainminthe mar Fhoras Fola, agus tá bonn docht reachtúil anois faoina himeachtaí feabhsaithe caighdeán, rialaithe caighdeán agus ráthaithe caighdeán. Rinne BCÉ saininiúchadh i Meán Fómhair ar an gcur chuige bailíochtaithe a úsáideadh chun eProgesa a thionscnamh i SFAÉ.

Chun comhall a chinntiú agus chun tacú le rolladh amach na dteicneolaíochtaí nua/ uasghrádaithe, tá sé fíor-riachtanach go gcothófaí staid bailíochtaithe. Tionscnaíodh breis agus 120 tionscadal bailíochtaithe i SFAÉ i rith na bliana.

Reáchtáladh cruinnithe cáilíochta míosúla in IARM agus sa LNF, agus tugadh tuairisc iontu faoi neamhchomhaill, ghearáin, athghairmeacha, agus an stádas um rialú an athraithe. Tionscnaíodh cruinnithe seachtainiúla um rialú an athraithe go luath i 2005 chun an cleachtas ar fud SFAÉ a chaighdeánú.



# 9 IONAD AISTRIÚCHÁIN RÉIGIÚN NA MUMHAN

**Déanann Ionad Aistriúcháin Réigiún na Mumhan (IARM) bailiúchán fola, próiseáil agus modhnú comhpháirteanna fola, tástáil séireolaíoch na ngrúpaí fola agus scagthástálacha le haghaidh marcóirí na ngalar ionfhabhtaithe, agus riarann sé stóráil agus dáileadh stoic do na hospidéil sa réigiún. Soláthraíonn IARM seirbhísí diagnóiseacha, i bhfoirm gnáthsheirbhísí séireolaíochta, d'ospidéil Chathair Chorcaí, agus seirbhís thagartha d'ospidéil i réigiún na Mumhan, maraon le scagthástáil réamhbhreithe.**

I measc na seirbhísí eile d'othair, tá afairíseas teiripeach d'ospidéil chathair Chorcaí agus tacaíocht do chleachtas aistriúcháin na n-ospidéal, trí fhreastal ar Choistí Aistriúcháin na nOspidéal agus trí chomhairliúchán eolaíochtúil a sholáthar d'úsáideoirí gairmiúla. Soláthraíonn IARM, freisin, scagthástáil do dhaoine a fuair glóbailin imdhíonachta frith-D ó SFAÉ agus fuilaistriúcháin i mblianta ábhartha an víris Heipitíteas C, agus déanann sé imscrúdú le haghaidh ionfhabhtuithe eile a bheadh in-tarchurtha ag aistriúcháin.

## SOLÁTHAR DEONACHÁN

Tá IARM lonnaithe in Ospidéal Nmh. Fionnbarra i gCorcaigh, áit a bhfuil ionad do dheontóirí seasta, a sholáthraíonn deonacháin lánfhola agus a bhfuil clár afairíseas pláitíní á fhorbairt. Tá dhá fhoireann shoghluaiste um bailiú deonachán lánfhola ag feidhmiú in Aonad Soghluaiste I na Mumhan ó Ionad Chorcaí agus in Aonad II ó Ionad Luimnigh.

D'fhreastail 54,194 deontóir ar chlinicí lánfhola na Mumhan le linn 2005. Soláthraíodh 44,125 deonachán, 7.7% acu ó dheontóirí chéaduaire. Sa Mhumhan i gcoitinne i 2005 bhí athrú de +0.2% ag na deonacháin lánfhola ar 2004.

Le linn 2005, reáchtáladh clinicí do dheontóirí lánfhola, i 53 láthair de chuid Aonad Soghluaiste I agus ag 41 láthair d'Aonad Shoghluaiste II. Reáchtáladh clinicí nua i nDúglas, i mBaile Nua Sheandroma agus i Rinn an Scidígh. Rinneadh measúnú ar Pháirc Ghnó Aerfort Chorcaí agus ar Ionad Pobail Mhathúin mar láithreacha ina bhféadfaí clinicí fola soghluaiste a reáchtáil.

Cuireadh foireann ar fáil do sheastáin thionscnaimh ag Taispeántas Aosoideachais Chorcaí,

agus ag na Craobhchomórtais Náisiúnta Threafa i Meán Fómhair 2005 trínar bunaíodh naisc le craobhacha de Mhacra na Feirme. Ina theanntasan, cuireadh foireann ar fáil do sheastáin thionscnaimh ag EMC – Na hUamhanna, Schering Plough – Inis Eonáin, Musgraves – Corcaigh, Kostel – Mala, gar do láithreacha na gclinicí soghluaiste. Níl áiseanna ag na láithreacha seo a bheadh oiriúnach chun clinicí ar shuíomh a reachtáil iontu.

Reáchtáladh Searmanas bliantúil na nDámhachtainí Deontóra ar an 18ú Meán Fómhair 2005. Bronnadh dámhachtainí ar 127 deontóir a thug 50 deonachán, agus 9 deontóir a thug 100 deonachán. Chuir an searmanas dámhachtainí tús le Seachtain na Fola Saoil sa Mhumhan.

## TÁSTÁIL SHÉIREOLAÍOCHTA AR GHRÚPAÍ FOLA AGUS SCAGTHÁSTÁLACHA LE HAGHAIDH MARCÓIRÍ GALAIR IONFHABHTAITHE

Déantar tástáil shéireolaíochta ar ghrúpaí fola agus scagthástáil le haghaidh marcóirí galair ionfhabhtaithe ar gach deonachán a sholáthraítear. I 2005, rangaíodh na deonacháin de réir tíopaí ABO, Rh agus Kell, mar ghnáthnós. De bhreis airsean, rinneadh tíopáil antaigine d'othair ar leith. Scagthástáladh gach deonachán, freisin, le haghaidh antashubstaintí.

Chuimsigh an scagthástáil le haghaidh marcóirí galair ionfhabhtaithe, Heipitíteas B agus C, VEID, Sifilis agus HTLV I+II.  Rinneadh tástáil VCM le haghaidh othar ar easpa imdhíonachta. Ina theanntasan, lean foireann IARM ag ullmhú chun  Scagthástáil Pláitíní Baictéaracha agus Tástáil Aigéid Núicléigh (TAN) a thionscnamh in IARM..

## COMHPHÁIRTEANNA A EISÍTEAR Ó IARM

Soláthraíonn IARM tacaíocht aistriúcháin trí chomhpháirteanna fola a dháileadh mar stoc ar ospidéil ar fud na Mumhan, agus seirbhísí speisialta i bhfoirm an mhodhnaithe agus meaitseála breise a bhíonn de dhíth ar othair ar leith; mar shampla, lucht nuabhreithe agus othair atá ag fáil céimiteiripe. Eisíodh 36,861 ullmhóidí ceall dearg, agus ioradaíodh 7% (2,592) d'othair éislinneacha.

Déanann an tSaotharlann Chomhpháirteanna na deoncháin lánfhola a phróiseáil ina gcodanna comhábhair, in ullmhóidí ceall dearg, i bpláitíní agus i bplasma. Coinnítear an plasma a fhaightear ó dheontóirí Éireannacha mar stoc teagmhasach faoi láthair.

Ar an iomlán, bhí méadú 4.8% ar an éileamh ar eisiúintí ceall dearg i 2005  thar éileamh 2004.


Bhí méadú 22% ar líon na bpláitíní a eisíodh i 2005 thar 2004.

## BAINISTIÚ FARDAIL – ULLMHÓIDÍ CEALL DEARG

Déantar bainistiú gníomhach ar an stoc ceall dearg atá ar fáil d'úsáideoirí ospidéil, trí spriocanna soláthair a cheapadh, agus an t-éileamh ó ospidéil a athbhreithniú go seachtainiúil. Athbhreithnítear na híosleibhéil bhaincéireachta ar bhonn leibhéal eisiúna dhá lá (íosmhéid). Le linn 2005 aimsíodh na híosleibhéil bhaincéireachta sna mórghrúpaí fola do 100% de na gnáthlaethanta oibre. Tá úsáid ullmhóidí na gceall dearg de Ghrúpa O Rhesus D diúltach, a eisíodh d'ospidéil agus a ndéanann IARM trasmheatseáil orthu d'othair ar leith, ag 11.8%, ina thagarmharc do na heisiúintí chuig ospidéil a choinníonn stoc.

## AFAIRÍSEAS PLÁITÍNÍ IARM 2005

| | |
|---|---|
| Deontóirí a cuireadh faoi agallamh | 313 |
| Painéal Deontóirí | 149 |
| Freastal | 420 |
| Deonacháin | 405 |
| Comhpháirteanna faighte | 460 |
| Iarchuir | 15 |




## CLÁR AFAIRÍSIS PLÁITÍNÍ

Cuireadh clárphlean i bhfeidhm ar luaigh 517 deontóir spéis ann agus faoi dheireadh na bliana bhí 149 deontóir ina mbaill de phainéal Chlár Afairísis Pláitíní IARM. I rith na bliana, d'fhreastail 420 deontóir air agus sholáthraigh siad 460 comhpháirt (18% acu ina ndáileoga dúbailte). Tríd is tríd, ba chomhpháirteanna afairísis iad 21% de na comhpháirteanna pláitín ar fad a eisíodh sa réigiún. Go dtí go ndéantar tíopáil HLA ar phainéal IARM, déanfar freastal ón LNF ar aon éileamh ar phláitíní HLA-mheaitseáilte d'othair ar leith.

## SEIRBHÍSÍ DIAGNÓISEACHA

Cuirtear seirbhísí cliniciúla agus saotharlainne ar fáil i bhfoirm tástáil comhoiriúnachta sa roinn Trasmheaiteála agus scagthástáil réamhbhreithe sa roinn Réamhbhreithe in IARM. Tugann an roinn Trasmheaiteála gnáthsheirbhís shéireolaíochta d'ospidéil chathair Chorcaí, seirbhís thagartha d'ospidéil i réigiún na Mumhan, déanann sé próiseáil thánaisteach lasmuigh de na gnáthuaireanta, agus modhnú comhpháirteanna agus ullmhóidí speisialta le haghaidh na n-othar péidiatraiceach. Imscrúdaíonn an roinn Trasmheaitseála frithghníomhartha aistriúcháin sna hospidéil a fhaigheann seirbhís chomhoiriúnachta uainn. Le linn 2005 ghlac an roinn Trasmheaitseála freagracht as a sheiceáil, trí thástáil bhaictéarach, go raibh na comhpháirteanna pláitín diúltach sula n-eiseofaí iad. Fuarthas 9,058 sampla, agus trasmheaitseáladh 3,504 acu i gcoinne 8,898 ullmhóid ceall dearg.


Rinneadh 578 imscrúdú antashubstaintí agus astu siúd cinneadh go raibh Géinitíopa Rh ag 126 acu. Rinneadh 1,740 tástáil dhíreach frithghlóbailin. Rinneadh scagthástáil antaigine ar 4,598 ullmhóid cheall dearg.

Rinneadh próiseáil thánaisteach i bhfoirm níocháin shalanda ar 69 comhpháirt.

Leádh 163 comhpháirt chrióchaomhnaithe le úsáid ag othair aonair agus ullmhaíodh 98 comhpháirt cheall dearg d'úsáid pheidiatraiceach. Ioradaíodh 3,760 comhpháirt agus imscrúdaíodh 28 frithghníomh aistriúcháin.

## GNÍOMHAÍOCHT FHORIOMLÁN IARM 2005

| | |
|---|---|
| Iomlán Samplaí Faighte | 9058 |
| Aonaid Cheall Dearg Trasmheaitseáilte | 8898 |
| Othair Thrasmheaitseáilte | 3504 |
| Samplaí Asuaireanta | 1293 |
| Samplaí Éigeandála Lae | |





## AN ROINN RÉAMHBHREITHE

Soláthraíonn an Roinn Réamhbhreithe gnáthsheirbhísí agus seirbhísí tagartha le haghaidh scagthástáil réamhbhreithe. Tástáladh 2,155 sampla le linn 2005 agus rinneadh imscrúdú antashubstainte ar 569 sampla. Nuair a fhionntar antashubstaintí déantar feinitíopáil Rhesus athartha más cuí, agus cuirtear fuil mheaitseáilte ar fáil don mháthair agus dá leanbh ag toirbhirt nuair is cuí. Tarchuirtear Cainníochtú Frith-D chuig an LNF. Tarchuireadh antashubstaintí annamha chuig Saotharlann Thagartha Idirnáisiúnta na bhFuilghrúpaí (IBGRL) i Bristol, maraon le samplaí fola imeallaí na máthar, chun go gcinnfí tíopa Rhesus D an fhéatais trí PCR. Rinneadh cinneadh ag toirbhirt faoi rith fola fhéatas na máthar (FMH) trí thástáil Kleiheur, le cabhair anailís chítiméadrach srutha, mar ba chuí.

## ROINN RÉAMHBHREITHE IARM 2005

| | |
|---|---|
| Samplaí a Tástáladh | 2155 |
| Imscrúdú Antashubstaintí | 569 |
| Painéil Deimhnithe | 422 |
| Antashubstaintí Tiotráilte | 168 |
| DCT | 407 |
| Feinitíopaí Rh | 669 |
| Feinitíopaí Eile | 648 |
| Ealuáidí | 21 |
| Ionsú | 39 |




## AFARAÍSEAS TEIRIPEACH

Soláthraíonn IARM seirbhís Afairísis Theiripigh d'othair in ospidéil chathair Chorcaí. Bíonn an t-éileamh go háirithe ar mhalartú plasma do shainriochtaí cliniciúla. Ina theanntasan déantar liúcalaghdú i gcás othar ar leith. Le linn 2005 rinneadh 209 gnáthamh afairísis theiripigh ar 77 othar, suas le 32 gnáthamh in aon mhí ar leith. Chuimsigh seo gnáthaimh mhalartaithe plasma d'othair haemaiteolaíochta, néireolaíochta agus duánacha. Rinneadh 3 gnáthamh liúcafairísis ar othar aonair.

As an 209 gnáthamh a rinneadh, bhí 87 curtha in áirithe roimh ré, agus rinneadh 122 ar othair a tháinig i láthair le géarthinneas.

### AFAIRÍSEAS TEIRIPEACH 2005

| ROINN | OTHAIR | GNÁTHAIMH |
|---|---|---|
| Haemaiteolaíocht | 17 | 34 |
| Néireolaíocht | 44 | 81 |
| Duánach | 16 | 94 |





# 10 AN OIFIG NÁISIÚNTA HAEMAFAIREACHAIS

**Bunaíodh an Oifig Náisiúnta Haemafaireachais (ONH) i 1999, agus sa chúig bliana ó 2000 go 2004 tuairiscíodh, in iomlán, 778 frithghníomh / teagmhas aistriúcháin dhiúltach don ONH, 428 acu i gcatagóir na Comhpháirte Fola Aistrithe Mícheart (CFAM).**

Le linn 2005, cuireadh críoch le Tionscadal Taighde trí bliana na Neasteagmhas, agus tá na sonraí a bailíodh á n-anailísiú faoi láthair.

D'óstáil an Oifig Náisiúnta Haemafaireachais a cúigiú comhdháil bhliantúil in Ostán Clarion, Corcaigh i mí Dheireadh Fómhair. Bhí 180 toscaire i láthair ó gach cearn d'Éirinn agus sárionadaíocht ó roinnt disciplíní éagsúla a bhain le cúrsaí aistriúcháin.

D'oscail an Dr. Elizabeth Keane, Comhalta de Bhord SFAÉ, an Chomhdháil, agus bhí aoichainteoirí ann ó chúlraí éagsúla a bhain le aistriúchán.

Léiríodh "Haemovigilance – The Irish Experience" mar chomhthoirbhirt ón Dr. Stefan Laspina agus an Dr. Emer Lawlor, Stiúrthóir OHÉ, faoi thorthaí Thuarascáil Bhliantúil OHÉ do 2004.  Thoirbhir Ms. Derval Lundy, OHÉ, '759 chances to learn', athbhreithniú ar Thionscadal na Neasteagmhas, agus ina dhiaidh sin thug Ms. Marina Cronin, An Oifig Haemafaireachais, Ospidéal an Adelaide & na Mí, Tamhlacht, peirspeictíocht haemafaireachais ar chleachtas an aistriúcháin chliniciúil.

Chlúdaigh an Dr. Joan Jones, Seirbhís Fola na Breataine Bige, an Dr. Judith Chapman agus an Dr. Dafydd Thomas, Swansea NHS Trust UK, "The UK Experience".

Ba í an Dr. Dorothy Stainsby ó SHOT an cainteoir bunsmaoinimh, agus d'fheidhmigh sí freisin mar mholtóir ar chomórtas postaer. Thug an Dr. Joan Fitzgerald, Haemaiteolaí Comhairleach SFAÉ, agus Mr. Don Mullahy, Eolaí Míochaine Sinsearach SFAÉ, toirbhirtí, freisin.



# 11 CLÁRLANN SMIOR NEAMHGHAOLMHAR NA HÉIREANN

**Bunaíodh Clárlann Smior Neamhghaolmhar na hÉireann (CSNÉ) i 1989 chun painéal deontóirí saorálacha a sholáthar do na hothair Éireannacha agus idirnáisiúnta a éilíonn athphlandáil smeara mar theiripe leighis do roinnt riochtaí ainciseacha a fhaightear agus do mhí-orduithe meitibileacha a thagann le hoidhreacht. I gcás formhór na n-othar nach bhfuil deontóir dearthár nó deirféar acu, faightear deontóirí cuímheaitseáilte dóibh ar an bpainéal Éireannach nó idirnáisiúnta.**

## IMEACHTAÍ NA CLÁRLAINNE

Go dtí seo, rinne CSNÉ éascaíocht do 165 aistriúchán. As an 165 aistriúchán sin, rinneadh 137 d'othair Éireannacha agus 28 d'othair idirnáisiúnta.

I 2005 d'éascaigh an chlárlann 18 aistriúchán d'othair Éireannacha (15) agus Idirnáisiúnta (3). As an 18 aistriúchán, b'aistriúcháin smeara iad 13, aistriúcháin d'Fhuil Imeallach Ghascheall 3, agus aistriúcháin d'Fhuil Chorda 2 ceann acu.

## CREIDIÚNÚ CLÁRLAINNE

Ó 1991 i leith comhcheanglaíodh CSNÉ leis an gCumann Deontóirí Smeara Domhanda (WWDA), eagraíocht a leagann síos na caighdeáin oibriúcháin do chlárlanna smeara. Faoi láthair cuireann CSNÉ sonraí ar fáil do thuarascáil bhliantúil an WWDA. Tá sé beartaithe ag CSNÉ cur isteach ar chreidiúnú an WWDA i 2006.

## SEARMANAS DÁMHACHTANA NA NDEONTÓIRÍ SMEARA

Bhí a chéad shearmanas dámhachtana do dheontóirí smeara ag an gClárlann Smeara in Óstán Radisson, Stigh Lorgan, Dé Luain an 19ú Meán Fómhair 2005, mar thús le Seachtain na Fola Saoil. In onóir na hócáide, tháinig an tUachtarán Máire Mhic Ghiolla Íosa i láthair na ndeontóirí a thug smior/gaschealla le haghaidh othar neamhghaolmhar ar fud an domhain.

Bronnadh clog clasaiceach de Chriostal Phort Láirge le John Rocha agus scrolla orthu, mar aitheantas ar a ngníomh neamhleithleasach ag tabhairt mar bhronntanas, 'Am agus Saol'.


## BANC FHUIL CHORDA DHÍRITHE NA HÉIREANN

Éascaíonn Banc Fhuil Chorda na hÉireann bailiúchán agus críochaomhnú deonachán fola

na gcordaí imleacáin dírithe. Caithfidh an fhuil chorda a bheith faoi choinne dearthár nó deirféar ainmnithe den naíonáin nuabhreithe, atá sa riocht go mbeadh aistriúchán gascheall ina chóireáil leighis aige/aici. Ní mór do mháinlia aistriúchán smeara an bailiúchán d'fhuil chorda a iarraidh. Le linn na bliana próiseáladh 11 deonachán fuil chorda dá shórt.

## ATHPHLANDÁLACHA ÉASCAITHE IARM 1993-2005

| | 1994 | 1995 | 1996 | 1997 | 1998 | 1999 | 2000 | 2001 | 2002 | 2003 | 2004 | 2005 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Éireann | 5 | 6 | 13 | 8 | 15 | 10 | 11 | 9 | 15 | 12 | 1 | 3 |
| Idirnáis | 7 | 3 | 3 | 2 | 0 | 1 | 2 | 0 | 2 | 2 | 17 | 15 |







*Uachtarán na hÉireann Máire Mhic Ghiolla Íosa, le Cathaoirleach SFAÉ, Maura McGrath agus Comhaltaí Boird Valerie Mannix, An Dr. Liz Keane agus Seán Wise agus Searmanas na nDámhachtainí Deontóra Smeara.*



# 12 SEIRBHÍS AFAIRÍSIS THEIRIPIGH

**Déanann seirbhís afairísis theiripigh an LNF na gnámhaimh afairísis theiripigh d'othair in ospidéil Bhaile Átha Cliath.**


**Ar an bhfoireann, a bhfuil Comhairleoir de chuid SFAÉ i gceannas uirthi, tá banaltraí a fuair oiliúint i ngnáthaimh theiripeacha. Déantar na gnáthaimh le taobh leaba an othair, ag úsáid trealaimh afairísis shoghluaiste.**

## TÍOPA GNÁTHAIMH

Léiríonn an tábla thíos an tíopa gnáthaimh agus an líon cásanna a rinne Seirbhís Afairísis Theiripigh an LNF le linn na bliana.

### CÁSANNA DE RÉIR TÍOPA GNÁTHAIMH 2005

| TÍOPA | LÍON CÁSANNA | |
|---|---|---|
| Malartú Plasma | 311 | 96% |
| Ídiú Pláitíní | 6 | 2% |
| Malartú Ceall Dearg | 3 | 1% |
| Ídiú Ceall Dearg | 2 | 1% |
| **Iomlán Cásanna** | **322** | 100% |





Rinneadh 322 cás in iomlán, 96% acu (L = 311) le haghaidh malartú plasma, agus an fuílleach de 4% le haghaidh díthiú pláitíní (L = 6), malartú ceall dearg (L =3) agus díthiú ceall dearg (L = 2).

## GNÁTHAIMH DE RÉIR OSPIDÉIL

Is iad na príomhospidéil i gceist, na cinn nasctha i mBaile Átha Cliath seachas Ospidéal Beaumont. Glactar le hiarrataí ó gach ospidéal, áfach, agus meastar iad le haghaidh cóiréala. Léiríonn an tábla a leanas an líon cásanna in aghaidh ospidéil don bhliain 2005.

### CÁSANNA DE RÉIR OSPIDÉIL 2005

| | |
|---|---|
| Ospidéal Nmh. Uinsionn (SVUH) | 74 |
| Ospidéal Príobháideach Nmh. Uinsionn (SVPH) | 26 |
| MATER | 111 |
| Ospidéal Tamhlachta (AMINCH) | 98 |
| Ospidéal Eile | 13 |





As an iomlán de 322 a rinneadh, ba sna ceithre príomhospidéal acadúla teagaisc i mBaile Átha Cliath a tharla 96% (L = 309) de na riachtanais sheirbhíse. Dáileadh an fuílleach de 4% (L = 13) ar na hospidéil eile. Tharla 35% in Ospidéal an Mater, 30% in AMINCH, 23% i SVUH, 8% i SVPH. Ospidéil eile, 4%.

## RANGÚ GNÁTHAMH

I rith na bliana chruthaigh na gnáthaimh afairísis a rinne an tseirbhís theiripeach ar ghlaodhualgas rangú nua de na gnáthaimh éigeandála, is é sin, na gnáthaimh phráinneacha a dhéantar i gcás riochtaí a éilíonn cóireáil ag deirí seachtaine nó ar laethanta saoire poiblí, roimh an gcéad lá oibre eile ach le linn uaireanta an lae.

## CÁSANNA DE RÉIR RANGA

| | |
|---|---|
| Déanta | 322 |
| Éigeandáil | 38 |
| Práinneach | 75 |
| Roghnach | 142 |
| Cothabháil | 67 |




## ANAILÍS AR IMEACHTAÍ

Léiríonn athbhreithniú ar an tseirbhís go bhfuil 44% den ualach oibre roghnach, 35% éigeandálach/práinneach agus 21% cothabhálach. De bharr nádúr na seirbhíse, is deacair acmhainní a phleanáil, le 35% den obair ina riachtanas éigeandála/práinne. Rinneadh 38 cás éigeandála ag deirí seachtaine/ar shaoirí bainc agus bhain sin le 12% den ghníomhaíocht.



# 13 AN T-AONAD RIANAITHE FAIGHTEOIRÍ

**Lorgaíonn an tAonad Rianaithe Faighteoirí na daoine a fuair Frith-D sna blianta priacail 1977-79 agus 1991-94, mar chéim leantach den Chlár Scagthástála VHC Frith-D a bunaíodh i 1994.**

Ina theanntasan, riarann sé an clár Athdheimhnithe Frith-D a thairgeann atástáil do gach faighteoir a fuair toradh diúltach ar thástáil, ach a fuair dol Frith-D a bhí ionfhabhtaíoch nó d'acmhainn ionfhabhtaíoch óna ghnáthdhochtúir. Ba é an Grúpa Saineolaithe, grúpa idirdhisciplíne a cheap an tAire Sláinte agus Leanaí, a thionscain an clár seo. Go nuige seo tástáladh 10,727 faighteoir faoin gClár Athdheimhnithe. San áireamh san fhigiúr seo tá roinnt ban a tástáladh faoin gClár Athdheimhnithe ach a bhfuarthas amach ó shin go bhfuair siad dola neamh-ionfhabhtaíoch nó nach eol sonraí an dola.

Gné eile den chlár is ea go dtairgtear tástáil le haghaidh VHC d'fhaighteoirí aistriúcháin a fuair fuil sular seoladh an tástáil deonachán fola le haghaidh VHC i nDeireadh Fómhair 1991. Scrúdaíonn sé, freisin, fabhtuithe a measadh gur tarcuireadh trí aistriúchán iad, agus a thuairiscigh gairmithe sláinte don Oifig Náisiúnta Haemafaireachais i SFAÉ.

Cé gur tástáladh thar 68,000 duine faoin gClár Scagthástála Frith-D, níor tástáladh gach duine a nochtadh agus tá an tAonad Rianaithe Faighteoirí i gcomhar leis na hospidéil i gcónaí, ag lorg daoine nach eol dóibh féin, b'fhéidir, go bhfuair siad Frith-D le linn na dtréimhsí priacail. As na daoine a fuair dola Frith-D d'acmhainn ionfhabhtaíoch i rith na mblianta priacail agus a scagthástáladh go nuige seo, bhí 1,027 acu Eliza-deimhneach ó thaobh Heipitíteas C de. Bhí an fuílleach Eliza-diúltach.



# 14 TEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE

**Tá feidhm chriticiúil tacaíochta ag an bhfoireann TF, faoi láthair, i leith gach ceann den ocht n-ionad SFAÉ ar fud na tíre. Tá sé mar chuspóir againn go mbeidh córas TF ann a thabharfaidh seirbhís éifeachtach éifeachtúil don eagraíocht, agus a chinnteoidh uasmhéid sábháilteachta**

## PEARSANRA TF

Ar an bhfoireann TF tá16 ball agus roinnt conraitheoirí a fhostaítear ó am go ham chun tacú le forbairtí nua agus chun taca TF a sholáthar don 600 duine nó níos mó atá lonnaithe in ocht mbuansuíomh, agus a bhfuil 6 aonad soghluaiste ar an mbóthar acu mórán gach lá. Tá breis agus 350 ríomhaire pearsanta in úsáid ar fud na heagraíochta, a bhfuil feidhmchláir éagsúla acu ar leibhéil éagsúla coimpléascachta, agus riachtanais an Dea-Chleachtais Déantúsaíochta (DCD) le comhlíonadh acu. Le eagraíocht ag teacht chun cinn atá níos dírithe ar theicneolaíocht, agus leis na riachtanais comhaill i leith DCD ag síormhéadú, d'earcaíomar Bainisteoir Caighdeáin TF agus Riarthóir Bunachar Sonraí Oracle i 2005. Tugann na poist nua seo an tacaíocht is gá i leith na riachtanas bailíochtaithe, agus cuidíonn siad linn pleanáil le haghaidh forbairtí intí feasta.

## PROGESA

Chruthaigh an córas a urrúntacht arís i rith na bliana – níor tharla aon éartha seirbhíse. Bhí sé ar cheann dár gcuspóirí don bhliain, bunachair shonraí na ndeontóirí i mBaile Átha Cliath agus i gCorcaigh a chumasc i Progesa, maraon leis an dá bhunachar sonraí othair. Cuireadh seo i gcrích i mí Lúnasa.

Ghlac Seirbhísí Deontóra tionscadal ar leith idir lámha le cabhair na TF, d'fhonn aon taifid dheontóra dhúblacha sa chóras a shainaithint agus a chumasc.

Coinníodh ag íosleibhéal, freisin, na héartha seirbhíse ag freastalaithe soghluaiste Progesa le linn 2005, cé go raibh an trealaimh in úsáid sna clinicí soghluaiste ag dul in aois. Tá siad seo á nuashonrú anois le tionscnamh eProgesa.

## ePROGESA

Leanadh den tionscadal seo i rith na bliana agus ba é an píomhthoradh air, gur iarradh tairiscintí le haghaidh freastalaithe nua chun ardán crua-earraí eProgesa a chruthú, agus

fuarthas sin. I rith na bliana sainaithníodh roinnt fadhbanna faoin gcóras agus cuireadh chuig MAK-Systems iad le réiteach.

## COMHDHÁIL IDIRNÁISIÚNTA ÚSÁIDEOIRÍ MAK

I mí Aibreáin d'óstáil SFAÉ comhdháil Idirnáisiúnta d'Úsáideoirí MAK. D'fhreastail 55 toscaire uirthi ó 15 foras banc fola éagsúil ar fud an domhain. Thugamar léiriú de eProgesa, a thaitin go mór lena raibh i láthair agus, dá thoradhsan, chothaigh SFAÉ cáil cheannaire laistigh den ghrúpa a raibh ardmheas air.

## CÓRAS BAINISTÍOCHTA RÍOMH-DHOICIMÉAD

Le linn 2005 ba léir go gcaithfí réiteach a fháil ar an méid doiciméad a ghineann na córais éagsúla laistigh de SFAÉ. Fostaíodh comhairleoir seachtrach ar chonradh chun na riachtanais úsáideora do chórais dá shórt a chruinniú, agus aontaíodh agus feidhmíodh mionsonraí CRÚ i 2005.

## BONNEAGAR TF

I 2005 tharla roinnt mórathruithe ar an mbonneagar TF i SFAÉ, le ascnamh na gcroíchóras chuig nuachórais oibriúcháin. Tá buntáistí gnóthaithe cheana féin ag an eagraíocht dá bharr seo, agus réiteoidh sé an bealach d'fhorbairtí leanúnacha.

## WINDOWS NT4 GO 2003 AGUS ASCNAMH XP

Athraíodh bonneagar TF SFAÉ ó chóras críon NT4 go dtí córais Windows 2003 agus XP. Tá croíghnéithe den bhonneagar TF feabhsaithe aige seo cheana féin, agus tá buntáistí mar iontaofacht, cobhsaíocht agus feidhmíocht á soláthar aige. Lig sé dúinn leaganacha nua de na feidhmchláir ghinearálta a thionscnamh, agus thug cumas dúinn na seirbhísí reatha a fheabhsú agus cinn nua a thosú san eagraíocht.

## UASGHRÁDÚ ATHSHEACHADTA FRÁMA

Lamhálann na línte cumarsáide sonraí idir oifigí éagsúla SFAÉ, córais ar nós Progesa, CORE (an córas AD/Párolla) agus r-phost a úsáid, agus uasghrádaíodh iad seo chun an caigdeán seirbhíse sna réimsí seo a fheabhsú.

## FRITH-VÍREAS

Le síormhéadú an riosca ó ionsaithe ríomh-bhunaithe seachtracha, tá sé an-riachtanach go dtiocfar ar réiteach frith-víris a thabharfaidh uaschosaint don eagraíocht. I 2005, thionscnaíomar bogábhar cosanta nua in aghaidh víreas, a thairgeann straitéis trí-chiseal chun r-phoist a chosaint in aghaidh an riosca is airde ionfhabhtaíochta ó víris. D'fheabhsaigh sé, freisin, an chosaint ar víris aonair atá ag na freastalaithe éislinneacha, ríomhairí pearsanta agus ríomhairí glúine uile. Tig leis an gcóras seo, freisin, na córais gan chosaint a fhionnadh agus iad a chosaint go huathoibríoch ar víris.

## COMHTHÁTHÚ AN SAN LE FREASTALAÍ WINDOWS

Sa LNF i 2005, tionscnaíodh SAN, gléas a chuireann feabhas mór ar iontaofacht, ar fheidhmíocht agus ar sholúbthacht stórála freastalaí. Ceanglaíodh freastalaithe an bhonneagair láir leis an SAN, ag cur a bhuntáistí ar fáil do na seirbhísí a thugann siad.

## UASGHRÁDÚ FHOIREANN NA TF


Nuair a tionscnaíodh nuathrealamh TF sa LNF, mar thaca le feidhmiú timpeallacht

bhonneagair an ghréasáin nua agus, freisin, an crua-earra chun tacú leis an gcóras eProgesa nua, ba ghá feabhas a chur ar chóras cosanta an tsoláthair chumhachta agus ar an gcóras láimhseála aeir. An UPS, a thugann tacaíocht chumhacht chadhnra nuair a teipeann ar sholáthar cumhachta, méadaíodh a thoilleadh mar oiriúntas do na córais nua. Cuireadh nua-aonaid aeroiriúnaithe isteach, freisin, chun déileáil leis an méadú aschuir theasa ó na córais nua.

## GLAONNA TACAÍOCHTA ÓN DEASC CABHRACH

Fuaireamar níos mó ná 800 glao ar thacaíocht i 2005, ar a raibh ráta réitithe de 95% againn. Bhain bunús na nglaonna leis an ascnamh ó Windows NT.

# 15 ACMHAINNÍ DAONNA




**Sholáthraigh an roinn Acmhainní Daonna nuashonraí le haghaidh Lámhleabhar Acmhainní Daonna na Foirne, ina mionsonraítear gach beartas agus gnáthamh AD, de réir na reachtaíochta agus na moltaí uile atá ann. D'éirigh le lainseáil 'Am Téarma', tionscnamh clannchairdiúil, san eagraíocht. Athbhreithníodh agus nuashonraíodh an riarachán earcaíochta agus roghnaithe. Rinneadh forbairt leanúnach ar na taifid AD le Core, an bunachar sonraí do AD.**

Ag teacht leis an anailís ar riachtanais oiliúna, tugadh oiliúint éigeantach agus traenáil aonair i mbeartais áirithe do na baill foirne uile. Ina theanntasan, cuireadh forfheidhmiú an Straitéis AD chun cinn mar chuid de straitéis na heagraíochta chun an cleachtas is fearr a bhaint amach anseo. Thug "Buanú an Dul Chun Cinn" fuinneamh suntasach don chlár nuachóirithe agus fuair SFAÉ ceadú do gach méadú go nuige seo.

## PRÍOMHTHIONSCNAIMH FORBARTHA AD

### LUACHANNA

Chuaigh an Foghrúpa Luachanna trí phróiseas tairisceana, ag lorg eagraíochta a d'oibreodh le SFAÉ chun luachanna eagraíochta a cheapadh. Ar an drochuair, níor chomhlíon na comhlachtaí a rinne tairiscintí gach riachtanas don tionscnamh seo. Socraíodh go mb'fhearr an tionscadal a chur ar aghaidh go hinmheánach trí chumasc de bhaill thionscadail inmheánacha agus comhairleoir seachtrach.

### BAINISTIÚ FEIDHMÍOCHTA

Bunaíodh foghrúpa comhpháirtíochta chun an tionscadal seo a láimhseáil, agus tugadh An Grúpa um Bainistiú Feidhmíochta agus Forbartha mar ainm air. Forbróidh an tionscadal seo modheolaíocht chun bainistiú feidhmíochta a fhorfheidhmiú ar fud SFAÉ, de réir na hoibre a rinneadh cheana sa FSS.

### SOCRUITHE UM CHOTHROMAÍOCHT OIBRE - SAOIL

Ag éirí as Suirbhé Aoráide na bhFostaithe, scaipeadh comhleabhrán GSC/AD dar teideal 'Work-life Balance Arrangements in the IBTS' ar an bhfoireann uile ag deireadh Dheireadh Fómhair, chun na socruithe atá ann faoi obair sholúbtha a mheabhrú don fhoireann.

### SCÉIM MOLTAÍ

Tá freagra tugtha ag an GSC anois ar gach moladh a rinneadh chun dáta. Iarradh ar roinnt fostaithe tuilleadh sonraí a sholáthar maidir lena moltaí, agus bronnadh "Dámhachtain Mhisnithe" ar bheirt fhostaithe as a gcuid moltaí.

### ATHBHREITHNIÚ AR CHLINIC DHEONACHÁIN SHRÁID D'OLIER

Bhí cleachtadh ag na páirtithe ar mhargáil leasbhunaithe i dtaca leis an athbhreithniú ar ionad Shráid D'Olier. Is athrú é seo ar na modhanna traidisiúnta sáraíochta.

### TIONSCADAL ÉIDE NÁISIÚNTA

Cuireadh tionscadal na n-éidí corparáide i gcrích.

## SCÉIM AITHEANTAS FOIRNE SFAÉ

Is í cuspóir na scéime seo, aitheantas a thabhairt ar bhlianta seirbhíse agus tiomantais i SFAÉ, trí dhámhachtainí saoire bliantúla breise a bhronnadh ar bhonn aonuaire, in aghaidh na mblianta seirbhíse a sainíodh i SFAÉ. Ar 10 bliain seirbhíse faigheann gach ball foirne cáilithe leithdháileadh aonuaire de 2 lá saoire bliantúil; ar 20 bliain seirbhíse bronntar 4 lá saoire bliantúla; ar 30 bliain bronntar 6 lá agus ar 40 bliain leithdháiltear 8 lá.

## CAIDREAMH FOSTAITHE

### AN GRÚPA STIÚRTHA COMHPHÁIRTÍOCHTA

Chríochnaigh an Grúpa Stiúrtha Comhpháirtíochta a théarma dhá bhliain i Nollaig 2005.

Ag éirí as Suirbhé Aoráide na bhFostaithe, moladh go reáchtáladh SFAÉ "Lá as Baile", dírithe ar fheabhsú agus ar chothú na cumarsáide inmheánaí leis an bhfoireann. Socraíodh mórócáid aonlae agus tugadh spreagadh agus cuireadh d'fhoireann SFAÉ freastal air. Reáchtáladh Comhdháil Náisiúnta Oirnithe SFAÉ in Óstán Radisson, Baile Átha Luain i mí Dheireadh Fómhair.

### CLÁR NUACHÓIRITHE UM BUANÚ AN DUL CHUN CINN AGUS TAGARMHARCÁIL

Féachann SFAÉ ar Bhuanú an Dul Chun Cinn agus Tagarmharcáil, ar fhíorú foirmeálta an dul chun cinn agus ar nuachóirithe ar fud na hearnála poiblí, mar dheiseanna chun athchóiriú agus athrú ceart a thabhairt isteach san eagraíocht thar shaol an chomhaontaithe.

Éilíonn an próiseas seo go n-ullmhódh agus go gcuirfeadh cinn na n-eagraíochtaí san earnáil sláinte tuairiscí ar fáil faoin dul chun cinn maidir le aimsiú na gcuspóirí a luadh i dteimpléid an phlean ghníomhaíochta (a comhaontaíodh don earnáil ag an bhFóram Náisiúnta Comhpháirtíochta, agus a faomhadh ag an nGrúpa um Ráthú Feidhmíochta). Scaiptear Tuairiscí faoi Dhul Chun Cinn SFAÉ ar gach ceann roinne agus ar bhaill Ghrúpa Stiúrtha na Comhpháirtíochta Náisiúnta i SFAÉ, agus iarrtar ionchuir, comaoineacha agus ráitis ó ghrúpaí ionadaíocha, sula gcríochnaítear iad.

Cuireann an fheidhm oiliúna agus forbartha tacaíocht fhorbartha ar fáil don eagraíocht ar bhonn leanúnach, cuireann sé go mór leis an gclár nuachóirithe, agus beidh slánról aici i gcónaí sa phróiseas seo.

Mar a tharla cheana, pléifear cuspóirí uile na Tuairisce faoin Dul Chun Cinn leis na ceardchumainn ábhartha, d'fhonn comhaontú agus forfheidhmiú a chinntiú. Tá ról na foirne i ngach rannóg den eagraíocht fíorthábhachtach, má tá rath le bheith ar fhorfheidhmiú chlár an athraithe.

## SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHT CHOMHSHAOIL

Cothaíonn an fheidhm SSC feasacht i SFAÉ, agus soláthraíonn sé cláir oiliúna i gcúrsaí sláinte agus sábháilteachta, rianaíonn sí feidhmíocht ó thaobh sláinte agus sábháilteachta, agus tugann sí treoir faoi cheisteanna sláinte agus sábháilteachta, de réir mar a éiríonn siadsan laistigh den eagraíocht. I 2005, forbraíodh príomhréimsí sláinte ghairme agus sábháilteachta, ar nós na measúnuithe riosca a cuireadh i gcrích do shaotharlanna agus do IARM, an Ráiteas Sábháilteachta Tuismitheora a nuashonraíodh de réir na n-athruithe a rinneadh sa reachtaíocht, an dréacht deiridh den Chlár um Tuairisciú Timpistí/Teagmhas i SFAÉ a cruthaíodh, dréachtchlár sábháilteachta agus dréachtchlár earganamaíochta oifige a cuireadh san áireamh, le clár ríomhfhoghlama píolótach, agus an dá choiste sábháilteachta réigiúnacha a bunaíodh. Soláthraíonn forbairtí sna réimsí seo an bunsraith daingean ar a bhfuil córas bainistíochta na sábháilteachta á thógáil i SFAÉ agus á chorprú in imeachtaí gnó na heagraíochta ó lá go lá.

Ba é seo a leanas an líon foirne i SFAÉ ag deireadh 2005.

### COMHAIREAMH FOIRNE

| | |
|---|---|
| LNF | 309 |
| IARM | 134 |
| Baile Átha Fhirdhia | 35 |
| Ceatharlach | 35 |
| Tuaim | 25 |
| Luimneach | 33 |
| Sráid D'Olier | 58 |
| Stigh Lorgan | 10 |
| Iomlán | 639 |

# 16 CUMARSÁID



## SUÍOMH GRÉASÁIN

**Fuair ár seoladh r-phoist, info@ibts.ie, 73 fiosrú bailí i 2005. Tá laghdú leanúnach tagtha ar ráchairt an aicmesheoladh r-phoist poiblí seo. Tá ilphointí teagmhála le fáil ar an suíomh gréasáin, agus is mó an leibhéal gníomhaíochta ag contactus@ibts.ie, clinics@ibts.ie agusbonemarrow@ibts.ie ná an laghdú gníomhaíochta ag an seoladh r-phoist ginearálta. Ina theanntasan, is féidir áirithintí díreacha a dhéanamh leis an gclinic dheonacháin i Stigh Lorgan, ag stillorgan@ibts.ie.**

## FOILSEACHÁIN

D'fhoilsigh SFAÉ eagrán 8 agus 9 de Donor Digest i 2005. Is nuachtlitir cheithre leathanach do dheontóirí é Donor Digest, agus tá sí ar fáil ag clinicí ar fud na tíre.

Foilsíodh Plean Straitéiseach SFAÉ 2005 – 09 i mí Bhealtaine. Foilsíodh Tuarascáil Bhliantúil 2004 i mí Mheán Fómhair. Tá ár bhfoilseacháin uile ar fáil ag www.ibts.ie.




## SAORÁIL FAISNÉISE

Cuireadh 9 iarratas chuig SFAÉ i 2005 faoin Acht um Shaoráil Faisnéise. Cuireann SFAÉ Miontuairiscí an Bhoird ar www.ibts.ie, faoi réir SF, agus tar éis don Bhord iad a dhaingniú.

## CUMARSÁID INMHEÁNACH

Tá fhorfheidhmiú na straitéise cumarsáide inmheánaí ag dul ar aghaidh. Tháirg Grúpa Forfheidhmithe na Straitéise Cumarsáide Inmheánaí 4 eagrán de Staff Update, nuachtlitir ráithiúil don fhoireann uile i SFAÉ. Tháirg an grúpa, freisin, leabhar cinn bhliana agus dialann foirne i 2006. Cuireadh sainailt bhreise ar fáil don fhoireann ar an inlíon.

Bhí an Grúpa páirteach, freisin, i bhforbairt suirbhé aoráide na heagraíochta agus i bplean gníomhaíochta chun na moltaí a fhorfheidhmiú.




# 17 AIRGEADAS

| | 2005 | 2004 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| | | mar atá luaite |
| **IONCAM** | | |
| Ioncam Athfhillteach | 101,137 | 97,346 |
| Ioncam Neamh-Athfhillteach | 270 | 291 |
| | | |
| Ioncam Iomlán | 101,407 | 97,637 |
| | | |
| **CAITEACHAS** | | |
| Caiteachas Iomlán | 96,330 | 94,923 |
| Barrachas don Bhliain | 5,077 | 2,714 |
| Caillteanas achtúireach ar an scéim phinsin | (4,051) | (952) |
| Aistriú chuig Cúlchiste Caipitiúil | (5,000) | - |
| Cúlchiste carntha ag 1ú Eanáir | 6,140 | 4,378 |
| | | |
| Cúlchiste carntha ag 31ú Nollaig | 2,166 | 6,140 |

## IONCAM

Miondealaítear ina ioncam athfhillteach agus ioncam neamh-athfhillteach an t-ioncam iomlán Boird de €101.4 milliún i 2005 (€97.6 milliún i 2004).

San ioncam athfhillteach tá €101.1 milliún (€97.3 milliún i 2004) a gineadh as na táirgí agus seirbhísí a soláthraíodh d'ospidéil. Níor mhéadaigh an Bord a phraghsanna i 2005 thar leibhéil 2004, agus mar sin de, baineann gach méadú le gníomhaíocht bhreise. Ní bhfuarthas aon mhaoiniú díreach ón Roinn Sláinte agus Leanaí le linn 2005 don chaiteachas ar an gclár Heipitíteas C (€0.5 milliún i 2004).

Cuimsíonn an t-ioncam neamh-athfhillteach i 2005 an t-ús a gnóthaíodh ar thaiscí bainc agus ar fháltais ó dhíolachán sócmhainní seasta.

## CAITEACHAS

Bhí caiteachas €96.3 milliún ann i 2005, rud ab ionann agus méadú €1.4 milliún ar 2004. Bhain an méadú caiteachais don bhliain, ach go háirithe, le forfheidhmiú na gcomhaontuithe pá laistigh den eagraíocht agus le costais dhímheasa bhreise de thoradh infheistíochta breise i sócmhainní le blianta beaga anuas. I 2005, ní raibh na hardtáillí gairmiúla ann a tharla i 2004 de bharr caingean dlí a tógadh in aghaidh an Bhoird.

Tionscnaíodh an caighdeán tuairiscthe airgeadais 17, 'Sochair Scoir' (CTA 17) i mí na Samhna 2000, ach bheartaigh Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann leanúint ag tabhairt cuntais ina cuid dualgas pinsin faoi SSAP 24, 'Ag Tabhairt Cuntais i gCostais Phinsin', agus ag nochtú tionchar CTA 17 sna nótaí leis na ráitis airgeadais. Tá CTA 17 forfheidhmithe go hiomlán anois, agus don bhliain airgeadais dar chríoch 31 Nollaig 2005 tugann an Bord cuntas i bpinsin de réir CTA 17.

I rith na bliana chinn an Bord ar chúlchiste caipitiúil a bhunú chun áiseanna nua a fhorbairt i gCorcaigh. Aistríodh €5 milliún chuig an gciste seo don bhliain dar chríoch 31ú Nollaig 2005.

## CAITEACHAS CAIPITIÚIL

Infheistíodh caiteachas de €3.1 milliún i dtionscadail chaipitiúla le linn 2005. Rinneadh na príomh-infheistíochtaí i bhfeabhsú na gcóras teicneolaíocht faisnéise, go háirithe an t-athrú a rinneadh go Windows XP, agus uasghrádú ár gcórais bhainistíochta fola go eProgesa. Tá an tionscadal eProgesa leanúnach agus níl sé caipitlithe go fóill. I measc an chaiteachais eile bhí an t-uasghrádú flít, gléasra agus trealaimh, mar thaca le imeachtaí leanúnacha na heagraíochta..

## REACHTAÍOCHT UM ÍOCAÍOCHT PHRAS

Comhlíonann an Bord riachtanais na Reachtaíochta um Íocaíocht Phras, ach amháin sna cásanna thíosluaite. Is é an gnáthchairde a ghlacann an Bord, mura sonraítear a mhalairt i sainsocruithe conartha, 30 lá ó dháta an tsonraisc nó ón dáta a dheimhnítear gur glacadh le hearraí nó le seirbhísí iníoctha. Tá sé mar bheartas ag an mBord a chinntiú go n-íoctar gach cuntas go pras.

Sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2005, faoi na téarmaí reachtaíochta infheidhmithe, bhí 263 sonrasc in iomlán de luach €6,991,583 50 lá amháin mall, ar an meán. B'ionann sin agus 1.99% de réir lín agus 10.48% de réir luacha den íocaíocht iomlán do sholáthróirí earraí agus seirbhísí don bhliain. Íocadh €10,222 úis iomláin i leith íocaíochtaí malla. Déanann an Bord athbhreithniú leanúnach ar a ghnáthaimh riaracháin, d'fhonn an t-am a chaitear le fiosruithe agus le réiteach sonrasc a íoslaghdú.



# 18 RIALACHAS CORPARÁIDEACH

**Is é beartas an Bhoird na caighdeáin is airde rialachais chorparáidigh a chothú, de réir na mbeartas agus na gcleachtas a bhfuil gnáthghlacadh leo. Tá an Bord freagrach don Aire Sláinte agus Leanaí.**

D'fhreastail an Bord ar shaotharlann faoi Rialachas Corparáideach ar an 10ú Meán Fómhair. Rinneadh cinntí áirithe ag deireadh na saotharlainne maidir le láimhseáil ghnó an Bhoird agus na réimsí a dtabharfar aghaidh orthu sa bhliain atá romhainn. Tugadh gealluint, freisin, go n-athbhreithneofaí go rialta an fheidhmíocht sa réimse seo.

## COMHLÍONADH AN CHÓID CHLEACHTAIS UM RIALACHAS COMHLACHTAÍ STÁIT

Tá an Bord tiomanta do chomhlíonadh na bhforálacha ábhartha sa Chód Cleachtais um Rialachas Chomhlachtaí Stáit a d'fhoilsigh an Roinn Airgeadais i 2001.

Le linn na bliana fuair SFAÉ tuairiscí ar an rialú inmheánach agus ar shaincheisteanna imní reatha. Athbhreithníonn an Bord go rialta tuairiscí Bhord Chógais na hÉireann ar na rialuithe oibríochtúla agus comhaill, agus ar bhainistiú rioscaí. Leanfaidh an Bord ag athbhreithniú na dtuairiscí seo agus ag obair go dlúth le BCÉ chun na caighdeáin idirnáisiúnta is airde a chinntiú.

## CÓRAS FEIDHMITHE AN BHOIRD

Tá dháréag comhaltaí ar an mBord, lena n-áirítear an Cathaoirleach neamh-fheidhmitheach a cheapann an tAire Sláinte agus Leanaí.

Tagann an Bord le chéile gach mí. Faigheann na comhaltaí uile eolas cuí tráthúil a chuireann ar a gcumas dualgais an Bhoird a chomhlíonadh. Glacann an Bord le comhairle chuí, neamhspleách, ghairmiúil nuair is gá.

Tá struchtúr coistíoch curtha i bhfeidhm ag an mBord chun cuidiú leis a chuid dualgas a chomhlíonadh.

## AN COISTE COMHAIRLEACH MÍOCHAINE

Tá an Coiste Comhairleach Míochaine comhdhéanta de chomhaltaí Boird atá cáilithe i gcúrsaí leighis agus an fhoireann chomhairleach mhíochaine, agus tagann siad le chéile go

míosúil. Tá sé mar fheidhm aige, monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí ábhartha i réimse na míochaine aistriúcháin agus i réimsí bainteacha, forbairtí dá shórt a thuairisciú don Bhord agus an Bord a chomhairliú faoi aon chéimeanna  cuí atá le glacadh..

## AN COISTE AIRGEADAIS

Tháinig an Coiste Airgeadais le chéile cúig uaire le linn na bliana, agus tá triúr comhaltaí Boird air. Déanann an Príomhfheidhmeannach, an Stiúrthóir Náisiúnta Míochaine, an Stiúrthóir Airgeadais agus an Cuntasóir Bainistíochta freastal air. Tig leis an gCoiste athbhreithniú a dhéanamh ar aon ábhair a bhaineann le cúrsaí airgeadais an Bhoird. Athbhreithníonn sé na buiséid bhliantúla chaipitil agus oibriúcháin, na cuntais bhainistíochta, árachas, soláthar, beartas ciste agus socruithe baincéireachta agus maoinithe. Tuairiscíonn an Coiste don Bhord i dtaobh tuairiscí bainistíochta agus airgeadais, agus tugann sé comhairle dó faoi chinnteoireacht ábhartha. Feidhmíonn an Coiste Airgeadais faoi théarmaí tagartha foirmeálta.

## AN COISTE INIÚCHÓIREACHTA

Tagann an Coiste Iniúchóireachta le chéile ceithre uaire sa bhliain agus tá trí chomhalta boird air. Déanann an Príomhfheidhmeannach, an Stiúrthóir Náisiúnta Míochaine, an Stiúrthóir Airgeadais, an Stiúrthóir Acmhainní Daonna, an Cuntasóir Bainistíochta agus an tIniúchóir Inmheánach freastal air, freisin. Is féidir leis an gCoiste athbhreithniú a dhéanamh ar aon ábhar a bhaineann le cúrsaí airgeadais an Bhoird. Déanann sé athbhreithniú ar na ráitis airgeadais bhliantúla, ar thuairiscí don Iniúchóir Inmheánach, ar na beartais chuntasaíochta, ar chomhlíonadh na gcaighdeán cuntasaíochta agus ar impleachtaí cuntasaíochta na bpríomh-idirbheart. Casann na hiniúchóirí seachtracha leis an gCosite chun torthaí an iniúchta bhliantúil ar ráitis airgeadais an Bhoird a bhreithniú. Feidhmíonn an Coiste Iniúchóireachta faoi théarmaí tagartha foirmeálta.

## AN CLÁR RIOSCAÍ

Tar éis roinnt saotharlanna, a d'éascaigh comhairleoir seachtrach, ghlac an Grúpa Athbhreithnithe Gnó leis an Clár Rioscaí foirmeálta i 2004, agus cuireadh faoi bhráid an Bhoird agus an Choiste Iniúchóireachta é.

Sainaithníonn an Clár Rioscaí na rioscaí straitéiseacha, cliniciúla, airgeadúla agus oibríochtúla atá os comhair na heagraíochta, agus na rialuithe reatha agus gníomhartha eile is gá chun tionchar aon riosca ar an eagraíocht a íoslaghdú, má tharlaíonn sé.

Athbhreithníonn agus nuashonraíonn an Grúpa Athbhreithnithe Gnó an Clár Rioscaí go rialta, lena chinntiú gur ábhar reatha iad na rioscaí agus rialuithe a sainaithníodh, go sainaithneofar aon rioscaí nua a thiocfaidh chun cinn agus go gcuirfear bearta rialaithe i bhfeidhm dóibh.

## GNÓTHAS LEANTACH

Tar éis dóibh fiosrú réasúnta a dhéanamh, tá dóchas réasúnta ag na stiúrthóirí go bhfuil go leor acmhainní ag SFAÉ chun leanúint ag feidhmiú sa todhchaí ionchais. Ar an ábhar sin, leanann siad le ullmhú na ráiteas airgeadais ar bhonn gnóthais leantaigh.

## RIALÚ INMHEÁNACH

Tá na comhaltaí Boird freagrach as rialú inmheánach SFAÉ, agus as athbhreithniú a dhéanamh ar a éifeachtúlacht. Cuimsíonn córas inmheánach an Bhoird um rialú airgeadais na rialuithe sin a ceapadh chun ráthaíocht réasúnta a thabhairt maidir le:

- Sócmhainní a chosaint ar úsáid nó ar dhiúscairt neamhúdaraithe; agus
- Taifid chuí cuntasaíochta agus faisnéis ionfaofa airgeadais a bheith in úsáid i gcónaí san eagraíocht.

Is iad seo a leanas na príomheilimintí de chóras inmheánach an Bhoird um rialú airgeadais:

- Córas cuimsitheach chun cúrsaí airgeadais a thuairisciú
- Buiséad Bliantúil a ullmhaítear agus a chuirtear faoi bhráid an Choiste Airgeadais agus an Bhoird, agus monatóireacht mhíosúil feidhmíochta in aghaidh buiséad
- Struchtúr airgeadais léirshainithe, ina bhfuil leithscaradh cuí dualgas agus teorainneacha údaráis i leith gach feidhm airgeadais
- Gnáthaimh lándoiciméadaithe
- Léirtheorainneacha údaráis maidir leis an gcaiteachas caipitiúil agus athfhillteach a cheadaíonn an Coiste Airgeadais
- Stocáireamh míosúil a dhéanann baill foirne, neamhspleách ar an bhfoireann stórais
- Fíorú na n-íocaíochtaí ar shonraisc sholáthróirí ag baill foirne sinsearacha, neamhspleách ar fhoireann na gcuntas iníoctha
- Seiceálacha fíoraithe agus rialuithe pasfhocail i leith an chórais airgeadais
- Monatóireacht rialta ar an bhfeidhm rialaithe creidmheasa
- Gach duillín eiseolacháin maidir le eisiúint táirgí á mheaitseáil lena shonraisc ábhartha, d'fhonn a chinntiú go bhfuil lánbhillíocht á dhéanamh ar imeachtaí uile an Bhoird
- Gach ordú ceannacháin á shíniú ag an oifigeach ceannacháin
- Gach sonrasc neamhstoic á shíniú agus á chódú ag na bainisteoirí buiséid
- Gach sonrasc stoic á mheaitseáil go neamhspleách le GRN an stórais.

Tuigeann an Bord gur ceapadh an córas rialaithe inmheánach chun bainistiú, seachas díthiú, a dhéanamh ar an mbaol nach n-aimseofar na cuspóirí gnó. Ní thig leis an rialú inmheánach ach ráthaíocht réasúnta, seachas ráthaíocht iomlán a thabhairt i leith míráiteas nó cailliúintí ábhartha.

## RÁITEAS FAOI DHUALGAIS NA GCOMHALTAÍ BOIRD

Faoi réir an Ordú um an tSeirbhís Fuilaistriúcháin Náisiúnta (Bunaíocht) 1965, caithfidh an Bord ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais, de réir dlí agus chaighdeáin chuntasaíochta chuí na hÉireann, dearcadh fíor cothrom a thabhairt faoin staid ina bhfuil Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann, agus faoina hioncam agus caiteachas don bhliain sin. Ag ullmhú na ráiteas airgeadais sin dó, ní mór don Bhord:

- Polasaithe cuí cuntasaíochta a roghnú agus a fheidhmiú;
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- Aon imeacht ábhartha ó na caighdeáin chuntasaíochta bhainteacha a nochtadh agus a mhíniú;

- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh, mura bhfuil sé míchuí a mheas go leanfaidh Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann ag feidhmiú.

Tá an Bord freagrach as leabhair chuntais chuí a choinneáil a nochtann go cruinn réasúnta ag am ar bith, staid airgeadais Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann, agus as cuidiú léi a chinntiú go bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis an Ordú. Tá sé freagrach, freisin, as sócmhainní Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann a chosaint agus as céimeanna réasúnta a ghlacadh dá réir sin chun calaois nó mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

## COMHALTAÍ AN BHOIRD 2005

Ms. M McGrath, Cathaoirleach
An Dr. E. Keane
Ms. V Mannix (chríochnaigh a téarma ceapacháin ar 30/09/05)
An Dr. C. van der Poel (chríochnaigh a théarma ceapacháin ar 30/11/05)
Mr. T. McNamara
An Dr. M. Horgan
Mr. D. Keenan
Mr. D. Lowe
Mr. S. Wyse
Ms. J. O'Brien
An Dr. M. Cahill
An Dr. M. Cotter (ceaptha 01/09/05)
Mr. M. Moran (ceaptha 01/10/05)

## INIÚCHÓIRÍ

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
Foirgneamh an Státchiste
Clós an Chaisleáin Íochtarach
Caisleán Bhaile Átha Cliath
Baile Átha Cliath 2

## ATURNAETHA

McCann Fitzgerald Aturnaetha
2 Plás an Mháistir Cuain
Duga Theach an Chustaim
Baile Átha Cliath 1

## BAINCÉIRÍ

Banc-Aontas Éireann
Sráid an Dáma
Baile Átha Cliath 2



# 19 SONRAÍ TEAGMHÁLA

## Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann

### AN LÁRIONAD NÁISIÚNTA FOLA

Sráid Shéamais, Baile Átha Cliath 8
t: 01/4322800
f: 01/4322930
r: info@ibts.ie
www.ibts.ie
aertel lch 691
Eolaslíne deontóra 1850 731137

### IONAD AISTRIÚCHÁIN RÉIGIÚN NA MUMHAN

Ospidéal Nmh Fionnbarra
Bóthar Dúglaise, Corcaigh
t: 021/4807400
f: 021/4313014

### CLINIC DEONTÓIRÍ FOLA BHAILE ÁTHA CLIATH

2-5 Sráid D'Olier
Baile Átha Cliath 2
t: 01/4745000

### CLINIC DEONACHÁIN STIGH LORGAN

6 Seanbhóthar Bhaile Átha Cliath
Stigh Lorgan
Co Bhaile Átha Cliath
t: 1850 808 808

### IONAD BHAILE ÁTHA FHIRDHIA

Sráid Eoin
Baile Átha Fhirdhia
Co Lú
t: 041/6859994
f: 041/ 6859996

### IONAD CHEATHARLACH

Eastát Tionsclaíoch Bhaile Chearnáin
Bóthar Bhaile Haicéid
Ceatharlach
t: 059/0132125
f: 059/9132163

### IONAD LUIMNIGH

Teach na Carraige
Ascal Chloch Uí Chéitinn
Páirc Ghnó an Ráithín
Luimneach
t: 061/306980
f: 061/ 306981

### IONAD THUAMA

Aonad 49
Páirc Ghnó N17
Tuaim
Co na Gaillimhe
t: 093/70832
f: 093/70587

**AN LÁRIONAD NÁISIÚNTA FOLA**
Sráid Shéamais, Baile Átha Cliath 8
t: 01 4322800
f: 01 4322930
r: info@ibts.ie
www.ibts.ie
aertel lch 691
Eolaslíne deontóra 1850 731137

Irish Blood
Transfusion Service
Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann